NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



# I DTREO CREATA LE HAGHAIDH NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Nuáil agus Sainiúlacht

Smaointe faoi Shraith Shóisearach nua

Nuáil agus Sainiúlacht
Smaointe faoi Shraith Shóisearach nua

# Clár na nÁbhar


1. Nuáil agus Sainiúlacht – na smaointe móra faoi athrú . . . 3
2. Fís, luachanna agus bunphrionsabail . . . 9
3. An fhoghlaim sa tsraith shóisearach . . . 13
4. An measúnú agus an cruthúnas foghlama sa tsraith shóisearach . . . 25
5. Na cáilíochtaí sa tsraith shóisearach . . . 33
6. Tagairtí . . . 39


## Táblaí


**Tábla 1.**
Prionsabail churaclaim i dtaca le hoideachas sa tSraith Shóisearach . . . 10

**Tábla 2.**
Ráitis foghlama . . . 15

**Tábla 3.**
Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí . . . 20

**Tábla 4.**
Achoimre ar shocruithe measúnaithe le haghaidh na Sraithe Sóisearaí . . . 30

**Tábla 5.**
Forbhreathnú ar Theastas Náisiúnta Oideachais na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 3) . . . 34

**Tábla 6.**
Forbhreathnú ar Theastas Náisiúnta Oideachais na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 2) . . . 36


## Fíoracha


**Fíor 1.**
An tSraith Shóisearach nua – Príomhghnéithe . . . 7

**Fíor 2.**
Curaclam na Sraithe Sóisearaí . . . 18

**Fíor 3.**
An t-amscála i leith príomhfhorbairtí sa mheasúnú agus sna cáilíochtaí . . . 31

# 01

# 1. Nuáil agus Sainiúlacht– na smaointe móra faoi athrú

D'fhéadfaí a rá nach bhfuil sé chomh dúshlánach sin sraith shóisearach úrnua agus socruithe measúnaithe difriúla a ghiniúint, *ar pháipéar*. Léirigh forbairt na Sraithe Sóisearaí comhaontaithe 3 bliana, sna hochtóidí, gur féidir é a bhaint amach. Ach leag an fhorbairt sin béim ar an íoróin is seasmhaí agus is forleithne atá ann i leith an phróisis athraithe san oideachas, is é sin go bhféadtar athrú a bhaint amach, ach go bhféadfadh eispéireas an dalta fanacht mar a bhí den chuid ba mhó. Tá an próiseas athraithe san oideachas ar cheann de na próisis a athshocraíonn é féin, i bhformhór na gcásanna, go dtí an seanbhealach ar thugtaí faoi rudaí ar feadh na mblianta. Ní feiniméan Éireannach é seo amháin. Tá bunús maith le cumhacht an status quo mar gheall ar an tionchar a d'imir sé ar phróisis athchóirithe oideachais eile ar fud fad an domhain. Bíonn sé níos éasca athrú a chur i bhfeidhm *ar pháipéar* ná i bhfíorsheomraí ranga. Bunaithe ar an taighde agus ar an gcomhairliúchán faoinar tugadh le déanaí, is soiléir an teachtaireacht a thagann as fíorsheomraí ranga na Sraithe Sóisearaí agus ó na daoine a oibríonn iontu. Tá sé in am d'fhíorathrú.

Nuair a seoladh an comhairliúchán níos mó ná bliain ó shin, leag an CNCM béim ar 'dhá smaoineamh mhóra', ba iad sin *nuáil* agus *sainiúlacht*. Bhí sé mar aidhm againn díriú ar an scoil mar shuíomh na nuála, agus ar mhúinteoirí agus ar cheannairí scoile mar na gníomhairí a chuirfeadh an próiseas athraithe sin i bhfeidhm agus chun críche. Bhí sé mar aidhm againn chomh maith díriú ar dhaoine óga agus ar a n-eispéireas agus a gcuid ionchas le linn thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Bhí sé ríthábhachtach go raibh a sainiúlacht mar dhaoine óga lárnach dár bplé, ach bhí orainn an ghéarchéim shíoraí chéannachta a thiteann amach le linn na chéad choda den oideachas dara leibhéal a thabhairt san áireamh chomh maith. Ar chóir don chéad chuid den oideachas dara leibhéal a bheith ina leanúint den bhunscoil, nó ina hullmhú don tsraith shinsearach? An bhféadfadh an t-oideachas ar an leibhéal seo a bheith ina chúnamh leis an dá cheann acu agus a aitheantas féin a choimeád ag an am céanna?

Mholamar coincheap de *Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí* faoina n-eagródh scoileanna an tsraith shóisearach, ina mbeadh roinnt gnéithe dírithe ar gach dalta i ngach scoil, agus gnéithe eile deartha ag scoileanna iad féin. Dar linn, chuirfeadh sé seo ar chumas na scoileanna eispéireas a chur ar fáil dá gcuid daltaí féin le linn na Sraithe Sóisearaí a bheadh ina leanúint den bhunscoil *agus* ina ullmhú i dtreo na sraithe sinsearaí *araon*, ach a bheadh bainteach le saolta agus le foghlaim daoine óga idir 12 agus 15 bliana d'aois go príomha. Thabharfadh an Creat rogha níos leithne do scoileanna ó thaobh gach a n-ofrálfaidís dá gcuid daltaí, agus solúbthacht ó thaobh an fhoghlaim a eagrú.

## Cá mhéad ar chóir dúinn a dhéanamh agus cé chomh gasta ar chóir dúinn é a dhéanamh? – an plé

Chuireamar tús leis an bplé agus 'an dá smaoineamh mhóra' sin agus an Creat mar chéadábhair ann. Cuireann na haighneachtaí agus na freagairtí atá leagtha amach in *Nuáil agus Sainiúlacht: Tuarascáil ar Thorthaí an Chomhairliúcháin* an scéal iomlán in iúl, nó na smaointe uile a moladh i rith an phlé a d'fhéadfadh a bheith i ndán don tsraith shóisearach sa todhchaí. Tá siad an-suimiúil ar fad. Léiríonn siad go raibh fíorshuim ag daoine sna saincheisteanna uair a bhí an córas oideachais agus an scolaíocht go háirithe ag teacht faoi bhrú suntasach. Léiríonn siad chomh maith gur cás leis an tsochaí daoine óga atá ar an

gcéim ríthábhachtach seo ar a mbealach ó aois an pháiste i dtreo na haosachta i dtimpeallacht atá casta agus dúshlánach.

Spreagadh rannpháirtithe sa chomhairliúchán chun a gcuid smaointe a rangú i sraith téamaí ó athrú beag go dtí athchóiriú mór. Do na daoine a bhí ar thaobh an 'status quo', bhí an plé dírithe ar an ngá le líon agus cineál na n-ábhar éigeantach a leagan amach, ar an imní mar gheall ar cé acu an mbíonn daoine óga a théann isteach san oideachas iar-bhunscoile réidh chun dul i ngleic leis an gcuraclam iar-bhunscoile nó nach mbíonn, agus ar cheisteanna maidir le ham a roinnt idir na hábhair. Ina theannta sin rinneadh cíoradh le linn an chuid seo den phlé ar an ngá a chonacthas le roinnt gnéithe nua a chur leis an Teastas Sóisearach i réimse ábhar ionas go mbeadh an scrúdú ar aon dul le haidhmeanna agus cuspóirí na siollabas.

Do na daoine a bhí ar an taobh eile, bhí na díospóireachtaí dírithe ar an ngá le foghlaim bhunriachtanach a leagan amach faoina dtabharfadh na daltaí uile, ar chaighdeán na foghlama sin, ar an ngá le húsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíochtaí nua sa bhaile agus sa scoil araon, ar an gcothrom ceart a bhaint amach idir rialúchán ón lár agus neamhspleáchas na scoile, agus ar thodhchaí scrúdaithe atá tar éis éirí ina chleachtadh don Ardteistiméireacht anois in áit bheith ina thacaíocht ar mhaithe le foghlaim sa tsraith shóisearach.

## Cá mhéad ar chóir dúinn a dhéanamh agus cé chomh gasta ar chóir dúinn é a dhéanamh? – an fhianaise

Tugann na haighneachtaí agus míreanna eile an chomhairliúcháin a fuarthas – ar gach taobh den díospóireacht – le tuiscint chomh maith gur imir torthaí taighde, arna choimisiúnú ag an CNCM ar eispéiris grúpa daltaí agus iad ag aistriú ón oideachas bunscoile go dtí an t-oideachas iar-bhunscoile, fíorthionchar laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais. Dhearbhaigh an fhianaise ón staidéar seo gach ar chreid roinnt mhaith daoine cheana féin faoi eispéireas na Sraithe Sóisearaí do dhaltaí – is é sin gur trí chéim ar leith atá inti – an chéad bhliain ina socraíonn an dalta isteach, an tríú bliain ina ndírítear ar an scrúdú go príomha, agus an dara bliain ina n-éiríonn na daltaí níos mó nó níos lú nasctha leis an scoil. Léiríonn an taighde chomh maith go mbíonn cáilíocht an chaidrimh ghníomhaigh – leis an scoil, leis na múinteoirí agus leis an bpróiseas foghlama – lárnach ar an gcéim seo den oideachas. Ní seal ná fabht é an imeacht seo nuair nach bhfuil an caidreamh gníomhach seo ag an dalta leis an scoil, leis na múinteoirí ná leis an bpróiseas foghlama le linn na Sraithe Sóisearaí, ach próiseas dá leanfar le linn na sraithe sinsearaí agus a bheidh ina chúis le hiarmhairtí eile tar éis don dalta an scoil a fhágáil. Tá easpa an chaidrimh ghníomhaigh seo níos géire i measc buachaillí agus daltaí atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra de.

Rinneadh tagairt don chaidreamh gníomhach seo arís is arís eile mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán de chuid an CNCM. Thug fianaise ó sheomraí ranga, a thuairiscigh múinteoirí, agus na daltaí féin i gcásanna áirithe, le tuiscint cé go mbíodh na daltaí i láthair sna ranganna, go mbíodh easpa fuinnimh chruthaithigh acu go minic, agus bhí níos mó múinteoirí den tuairim gurbh iadsan a bhí ag déanamh na hoibre crua sna scoileanna!

Le déanaí, fuaireamar níos mó fianaise ar cháilíocht an chaidrimh ghníomhaigh sin, nuair a foilsíodh torthaí an Chláir Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) i leith daoine óga Éireannacha 15 bliana d'aois. Cé go gconspóidfimis in aghaidh mhéid an mheatha, caithfimid tátal a bhaint as nach mbíonn líon suntasach daltaí i rith 3 chéim na Sraithe Sóisearaí ag forbairt na scileanna a theastaíonn uathu chun foghlaim, maireachtáil agus obair.

Cuireann an fhianaise seo dúshlán práinneach faoin status quo. Sa chás go ndeachaigh caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta daoine óga 15 bliana d'aois ar meath i gcoibhneas le tíortha eile, is léir go leanfar den mheath muna ndéanfaimid beart chun dul i ngleic leis. Muna ndéanfar dara bliain na Sraithe Sóisearaí a athrú, leanfar de theip an chaidrimh ghníomhaigh i gcás líon suntasach daltaí le linn na bliana sin, líon daltaí nach mbeidh an lánchaidreamh gníomhach sin acu leis an scolaíocht arís go deo. Agus, más rud é go mbeidh daltaí i dtríú bliain na Sraithe Sóisearaí fós ag díriú ar an Teastas Sóisearach amháin agus ag ullmhú ina threo trí cheisteanna agus fhreagraí a réamhchleachtadh agus a fhoghlaim de ghlanmheabhair, leanfaidh na daltaí sin, a múinteoirí agus a dtuismitheoirí ar aghaidh ag creidiúint nach dteastaíonn ach an cur chuige seo chun torthaí maithe a bhaint amach sa scrúdú seo, san Ardteistiméireacht agus i dtuilleadh foghlama i ndiaidh na hiar-bhunscoile.

Tar éis ár gcuid taighde féin, an comhairliúchán agus torthaí an Chláir Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) a mheá, is léir anois nach bhfuil an tsraith shóisearach ag freastal ar riachtanais na ndaltaí i láthair na huaire. Tugann an fhianaise le tuiscint, áfach, nach bhfanfaidh na cúinsí mar atá siad faoi láthair má leanaimid ar aghaidh leis an status quo. Tá gach cosúlacht ann gur in olcas a rachaidh fadhbanna na ndaoine óga.

## Ach nuair a dhéanaimid rud éigin, ní tharlaíonn aon rud – an stair

Thug roinnt aighneachtaí, a fuair an CNCM mar chuid den chomhairliúchán, faoi deara go ndearnadh iarrachtaí an tsraith shóisearach a athchóiriú dhá uair roimhe seo – ní i bhfad ó shin – agus rinneadh an dá iarracht sin thart ar dheich mbliana óna chéile.

Fiche bliain ó shin, thug na chéad tuarascálacha maidir le Clár Comhaontaithe Nua an Teastais Shóisearaigh, a tugadh isteach i 1990, le tuiscint go raibh an bhearna oiriúnachta idir an curaclam nuacheaptha agus an scrúdú ceann cúrsa ina cúis leis an gcóras luath-iar-bhunscoile a athshocrú ar ais go dtí an status quo in ainneoin an lipéid nua. Cén fáth? De dheasca nár seachadadh an t-athchóiriú measúnaithe ar a raibh an curaclam nua bunaithe, fáth um ar thosaigh an seanchóras scrúdaithe ag cur isteach ar an gcuraclam nua.

10 mbliana ó shin, reáchtáil an CNCM agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ar ar tugadh uirthi ag an am) sraith díospóireachtaí ar fud na tíre maidir le todhchaí churaclam agus mheasúnú na Sraithe Sóisearaí i gcomhpháirt lena chéile. Mar chuid dá hathbhreithniú ar an tsraith shóisearach ag an am, d'fhoilsigh an CNCM *Progress Report: Issues and Options for Development* (1999), agus sheol an tAire ag an am cáipéis de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a bhain le scrúdú an Teastais Shóisearaigh a athchóiriú dar teideal *The Junior Certificate: Issues for Discussion* (1999).

Mar thoradh ar an bplé a tharla ag an am, chuir an CNCM tús le próiseas i dtreo siollabais ábhair an Teastais Shóisearaigh a athchothromú d'fhonn dul i ngleic le curaclam a cheap roinnt mhaith daoine a bhí rómhór, agus chun níos mó spáis a chruthú le haghaidh na foghlama gníomhaí agus an chaidrimh ghníomhaigh a bhí lárnach sa tsraith shóisearach nuair a chéadcheapadh í. Tá an obair sin á cur chun críche faoi láthair, ach chuir formhór an aiseolais, a fuarthas ó na coistí a thug faoin obair seo in iúl nach n-athrófaí aon rud go dtí go n-athrófaí an scrúdú féin freisin.

Léirigh torthaí an chomhairliúcháin an tuairim chéanna an uair seo chomh maith – muna ndéanfar aon athrú ar an scrúdú ceann cúrsa, ní bheidh aon athrú ar a tharlóidh sna trí bliana roimhe. Cé gur glacadh leis go raibh an Teastas Sóisearach ina chnámh spairne ón uair a tugadh isteach é, glacadh leis chomh maith nach raibh sé ina údar ach le beagán athraithe nár spreag aon fhíorathrú riamh. Mar gheall air sin, níor athraigh mórán do na daltaí. Níl aon amhras ann ach oiread i gcás na fianaise ón taighde ar thug an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) faoi. Is cosán i dtreo an scrúdaithe é an cosán tríd an tsraith shóisearach; agus an dalta ag druidim leis an scrúdú ceann cúrsa, imríonn an scrúdú sin níos mó tionchair ar na rudaí a fhoghlaimíonn an dalta sin agus ar an gcaoi a ndéanann na múinteoirí a gcuid ceachtanna a phleanáil agus a mhúineadh.

Is soiléir í an impleacht. Tháinig an roscaireacht i bhfách leis an tsraith shóisearach a athrú chun solais de bharr fianaise taighde, comhdhearcaidh i measc an phobail agus an luchta pholaitíochta, lucht gairme. Ní chuirfear an fíorathrú i bhfeidhm go dtí go n-athrófar an scrúdú. Ní mór don Chreat Nua le haghaidh na Sraithe Sóisearaí athrú a chuimsiú ar leibhéal an churaclaim agus ar leibhéal an scrúdaithe araon.

## Solúbthacht áitiúil a éascú d'fhonn an córas a athrú...

D'aibhsigh *Nuáil agus Sainiúlacht* tábhacht an phróisis athraithe i leith an tsraith shóisearach a athchóiriú. Ag cur páipéar straitéiseach de chuid an CNCM dar teideal *Leading and Supporting Change in Schools* san áireamh, thug sé le tuiscint nach mbainfí aon athrú bríoch amach mura ndéanfadh na scoileanna féin ceannródaíocht ar an athrú. Thug sé le tuiscint chomh maith gur chóir fáil réidh leis an tsamhail traidisiúnta i dtreo 'athrú' – i.e. gurb iad na scoileanna agus na seomraí ranga (agus na múinteoirí i gcásanna áirithe) cuspóirí an athraithe. Rinneadh cíoradh dírithe ar na smaointe seo i rith an phróisis chomhairliúcháin agus taispeánadh gur thacaigh formhór na bhfreagróirí le béim lárnach a chur ar na scoileanna, na múinteoirí agus ar na daltaí sa phróiseas athraithe. Ach cuireadh in iúl le linn na ndíospóireachtaí go raibh an tsolúbthacht mhéadaithe seo ina húdar imní do dhaoine áirithe mar gheall ar go mbeadh seans ann go mbeadh sí ina cúis le tuilleadh deighilte sa chóras scolaíochta.

Cé gur mhol *Nuáil agus Sainiúlacht* Creat Náisiúnta le haghaidh na Sraithe Sóisearaí faoina ndéanfadh gach scoil a sraith shóisearach féin a phleanáil agus faoina rachaidís i ngleic leis an bpróiseas athraithe, cuireadh agúis in iúl go dtabharfadh an cur chuige seo 'deis' do scoileanna áirithe gan dul i ngleic leis an athrú ach ar an leibhéal is ísle. Chuir a lán aighneachtaí i gcás go mbeadh seans ann de thoradh air seo go mbeadh 'an tsraith shóisearach nua' ar fáil i scoileanna áirithe a d'fhreastalódh ar chineálacha áirithe pobal, agus go mbeadh 'an tsraith shóisearach traidisiúnta' ar fáil i scoileanna eile a d'fhreastalódh ar ghrúpaí daltaí eile. Cuireadh fáilte roimh an gcur chuige ina ndéanfadh na scoileanna féin ceannródaíocht ar an athrú ar bhonn áitiúil, ach moladh chomh maith go mbeadh sé tábhachtach í sin a bheith i gcothrom le ceannaireacht láraithe. Chaithfeadh an chothromaíocht idir an dá nós imeachta seo a bheith éifeachtach le go mbeadh aon seans ann go rachadh forbairt na Sraithe Sóisearaí i ngleic leis na míchothromaíochtaí atá ann i gcóras oideachais na hÉireann i láthair na huaire.

Sa chomhthéacs seo, tá na moltaí thíosluaite bunaithe ar an mbonn go mbeidh gach scoil ag gluaiseacht ar aghaidh ag an am céanna, sa treo céanna agus go sroichfidh siad go léir an ceann scríbe céanna. Ach is anseo, in 'gluaiseacht ar aghaidh sa treo céanna' a bheidh an tsolúbthacht ag na scoileanna. Ar an mbealach seo, beimid in ann an chothromaíocht sin a bhaint amach idir na scoileanna féin bheith ag déanamh ceannródaíochta ar an athrú ar bhonn áitiúil agus an t-athrú bheith á chur i bhfeidhm go forleathan ar fud an chórais d'fhonn an tsraith shóisearach nua a sheachadadh, mar aon le dul i bhfeidhm go dearfach ar eispéiris foghlama daoine óga agus iad ar an gcéim seo dá n-oideachas. Tá an tsolúbthacht agus an chruthaitheacht sin riachtanach chun na scoileanna seo a athrú ina n-áiteanna ina bhfoghlaimíonn daoine óga fiontraíocht agus nuáil, ach ní féidir na tosca sin a chur chun cinn de réir a chéile – caithfidh siad dul ar aghaidh ar bhonn uilechórais. (Hargreaves agus Shirley, 2009, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), 2008, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), 2009, McKinsey, 2010, Sahlberg, 2011).



## 'Muna n-athrófar an scrúdú, ní athrófar aon rud eile...'

Caithfear aghaidh a thabhairt ar an scrúdú a athrú ar dtús le gur féidir athrú uilechórais a chur ar bun. Muna dtabharfar aghaidh air sin, ídeoidh na hiarrachtaí chun an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim a athnuachan, na hiarrachtaí chun cur le hacmhainn scoile agus ghairmiúil, agus na hiarrachtaí chun tacú le caidreamh gníomhach na ndaltaí acmhainní, am agus fuinneamh – ach ní bhainfí aon rud amach de thoradh orthu. Ní chuirfear aon 'fhíorathrú' i bhfeidhm ar fud fad na Sraithe Sóisearaí ach ar chuntar go ndéanfar athrú ar dtús ar an rud a tharlóidh ag deireadh na Sraithe Sóisearaí. Ní hathruithe radacacha iad na hathruithe atá á moladh de réir caighdeáin idirnáisiúnta; cuimseoidh na cáilíochtaí agus na socruithe measúnaithe atá á moladh scrúduithe a bheidh socraithe agus marcáilte go seachtrach, agus freisin cuimseoidh siad cáilíocht náisiúnta do na daltaí uile go fóill. Ach i gcomhthéacs chóras iar-bhunscoile na hÉireann atá chomh dírithe sin ar scrúduithe, is athrú fíor-radacach é seo. Ní hamháin go mbeidh sé dúshlánach na socruithe nua measúnaithe a thacú agus a mheas ó thaobh cáilíochta de, ach beidh sé dúshlánach chomh maith athrú a bhaint amach ar an gcóras agus ar ionchais an phobail i leith an mheasúnaithe agus na gcáilíochtaí ar leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Ní féidir leo a bheith mar 'Ardteistiméireacht Bhréige' a thuilleadh.

Caithfear teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí, ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an chórais araon, d'fhonn an t-athrú seo a chur chun críche. Beidh clár na Sraithe Sóisearaí – ina mbeidh nasc níos láidre ann le pobail áitiúla, ina mbeidh comhphlé le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn a bpáistí i leith príomhscileanna chomh maith le príomhábhar, agus ina spreagfar na foghlaimeoirí sa bhaile agus ar scoil chun níos mó freagrachta a ghlacadh – ina chúnamh i dtreo níos lú béime a leagan ar an scrúdú ceann cúrsa.

D'fhonn tacú leis an dearcadh nua ar mheasúnacht agus cháilíochtaí na Sraithe Sóisearaí, tá sé molta go dtabharfar ainm nua ar an gcáilíocht a bhainfear amach ag deireadh na céime oideachais seo – Teastas Náisiúnta Oideachais na Sraithe Sóisearaí. Is minic a dhéantar cur síos ar athrú ainm mar athrú dromchlach. Agus ní athruithe radacacha iad na hathruithe a thiocfaidh ar na scrúduithe – fanfaidh an-chuid mar a bhíodh. Ach ní féidir an chumhacht a bheidh ag na hathruithe seo chun na 'fíorathruithe' eile a chur ar siúl, a shéanadh, agus is í an chumhacht sin is bunús leis an ainm nua seo agus is léir a fhiúntas siombalach. Tá na 'fíorathruithe' seo achoimrithe in Fíor 1 thíos:

*Fíor 1.*
An tSraith Shóisearach nua – Príomhghnéithe

**BEIDH AN FÓCAS...**

- Ar dhaltaí ag déanamh teagmhála níos fearr leis an bhfoghlaim
- Ar cháilíocht na foghlama a tharlaíonn a fheabhsú
- Ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta níos fearr agus próifíl láidir i leith bunscileanna

**AN FHOGHLAIM**

- Déantar cur síos ar gach a bhfoghlaimeoidh daltaí i **24 ráiteas foghlama.**
- Leagtar béim láidir ar scileanna **litearthachta** agus **uimhearthachta**, agus ar shé **bhunscil** eile i réimse na foghlama agus an churaclaim.

**AN CURACLAM**

- Beidh na hábhar fós tábhachtach i leith na Sraithe Sóisearaí, agus beidh gearrchúrsaí ar fáil chomh maith.
- Féadfaidh scoileanna a gcuid cúrsaí féin a fhorbairt.
- Beidh na sonraíochtaí curaclaim níos lú sonraithe ná na sonraíochtaí i láthair na huaire. Beidh an scóp ag múinteoirí chun foghlaim níos doimhne a chinntiú, díriú ar bhunscileanna, agus tacú le dul chun cinn daltaí agus le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn sin.

**AN MEASÚNÚ**

- Beidh an measúnú ina chuid de chleachtas sa seomra ranga thar 3 bliana na Sraithe Sóisearaí.
- Beidh níos mó freagrachta ar na daltaí as cruthúnas foghlama a ghiniúint, a bhailiú agus a chur i láthair i gcomparáid leis an nós imeachta a bhaineann leis an gcóras reatha.
- Tabharfaidh múinteoirí aiseolas do na daltaí maidir leis an gcruthúnas sin agus tuairisceoidh siad maidir le dul chun cinn na ndaltaí.

**NA CÁILÍOCHTAÍ**

- Beidh dhá cháilíocht náisiúnta ann. Cuirfear an chéad cheann, ar Leibhéal 3, in ionad an Teastais Shóisearaigh. Ceapfar an dara ceann, ar Leibhéal 2, do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Beidh na cáilíochtaí seo níos lú, rud a tabharfaidh níos mó spáis agus níos mó ama do scoileanna d'fhonn díriú ar fhoghlaim níos doimhne, ar an litearthacht, ar an uimhearthacht agus ar phríomhscileanna.

# 02

# 2. Fís, luachanna agus bunphrionsabail

Leagtar amach fís, luachanna agus bunphrionsabail na Sraithe Sóisearaí thíos. Tá sé mar aidhm acu cúnamh a thabhairt do scoileanna chun machnamh a dhéanamh ar oideachas na Sraithe Sóisearaí agus freisin chun cláir na Sraithe Sóisearaí a phleanáil.

## Fís

Leagann oideachas na Sraithe Sóisearaí béim ar na daltaí féin bheith lárnach san eispéiris oideachasúil, rud a chuireann ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh ina bpobail agus sa tsochaí, agus a chumasaíonn iad le bheith ina bhfoghlaimeoirí seiftiúla agus muiníneacha i ngach gné agus ar gach céim dá saol.

## Luachanna

Is próiseas pearsanta agus sóisialta í forbairt luachanna agus leanfar de ar feadh an tsaoil. Is luachanna iad **comhionannas agus cuimsiú, ceart agus cothrom, saoirse agus daonlathas,** agus **meas ar dhínit agus shainiúlacht an duine** atá ríthábhachtach i leith fhís oideachas na Sraithe Sóisearaí. Treoraíonn siad an chinnteoireacht i dtaca leis an gcuraclam, agus sa chás go léirítear in eispéireas oideachasúil na ndaltaí iad, ba chóir go n-imreoidís tionchar ar fhorbairt a gcuid luachanna.

## Bunphrionsabail

Treoraíonn bunphrionsabail meon na scoile maidir leis an gcuraclam beartaithe (na rudaí a theastaíonn uainne a fhoghlaimeoidh na daltaí), leis an gcuraclam achtaithe (an chaoi a múinfidh na múinteoirí na daltaí agus an chaoi a ndéanfaidh siad teagmháil leis an gcuraclam beartaithe), agus leis an gcuraclam eispéirithe (an chaoi a mbraithfidh an dalta aonair eispéireas an churaclaim). Treoraíonn na bunphrionsabail seo pleanáil agus forbairt chláir na Sraithe Sóisearaí, ach d'fhéadfadh scoileanna bunphrionsabail eile a chur leo chomh maith, lena n-áirítear bunphrionsabail a léireodh éiteas ar leith nó nasc láidir le háit ar leith.

*Tábla 1.*
Prionsabail churaclaim i dtaca le hoideachas sa tsraith shóisearach

### ARDCHAIGHDEÁN

Cuirfear eispéireas oideachasúil d'ardchaighdeán ar fáil do gach dalta, a bheidh léirithe ag ardionchais na bhfoghlaimeoirí agus an tóraíocht sármhaitheasa.

### FOLLÁINE

Tacóidh an curaclam le folláine fhisiceach, mheabhrach agus shóisialta na ndaltaí go díreach.

### CRUTHAITHEACHT AGUS NUÁIL

Tabharfaidh an curaclam deiseanna do dhaltaí a gcuid cumas agus buanna a fhorbairt ó thaobh cruthaitheachta, nuála agus fiontair de.

### ROGHA AGUS SOLÚBTHACHT

Cé gur curaclam leathan a bheidh ann, cuirfidh sé rogha leathan ábhar agus solúbthacht i roghanna ar fáil d'fhonn freastal ar riachtanais na ndaltaí.



### CAIDREAMH GNÍOMHACH, ÁBHARTHACHT AGUS TAITNEAMH

Spreagfaidh eispéireas an churaclaim an caidreamh gníomhach; beidh sé suimiúil agus taitneamhach do dhaltaí agus beidh baint aige lena saol.

### OIDEACHAS CUIMSITHEACH

Cuimseoidh an t-eispéireas oideachasúil gach dalta agus tacóidh sé le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus toraidh do chách.

### LEANÚNACHAS

Cuirfidh an curaclam na daltaí ar a gcumas cur lena gcuid foghlama go dtí seo agus tacóidh sé lena ndul chun cinn ó thaobh foghlama de go gníomhach.

### FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

Tacóidh an curaclam le daltaí i dtreo scileanna foghlama a fhorbairt a thabharfaidh cúnamh dóibh chun dul i ngleic leis na dúshláin a chuirfear fúthu tar éis an scoil a fhágáil dóibh, i mbreisoideachas agus le linn a saolta oibre.

# 03

# 3. An fhoghlaim sa tsraith shóisearach

Beidh sé mar aidhm ag an tsraith shóisearach nua – an bunús leis an athrú – díriú ar bhéim níos láidre a leagan ar fhoghlaim an dalta, ar ardchaighdeán na foghlama sin, agus ar ról an mhúinteora agus ról an dalta sa phróiseas sin. Ní hionann é sin a rá agus a rá nach dtarlaíonn aon fhoghlaim sa tsraith shóisearach atá againn faoi láthair. Tarlaíonn, ar ndóigh. Ach, thug torthaí ar thaighde (an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) 2004, 2006, 2007) agus aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin le tuiscint go bhfuil gach bliain den tsraith shóisearach bainteach le dúshlán foghlama ar leith faoi láthair. Is é an dúshlán le linn na chéad bhliana ná *an dul chun cinn* a dhéanamh. Cé go ndéanann scoileanna a ndícheall chun daltaí a chur ar a suaimhneas agus socrú isteach san iar-bhunscoil, ní éiríonn leo nasc a léiriú idir an fhoghlaim i ranganna bunscoile agus an fhoghlaim i ranganna iar-bhunscoile de ghnáth. De thoradh air seo, léiríonn taighde nach ndéanann formhór na ndaltaí ach beagán dul chun cinn sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic sa chéad bhliain, agus téann cumas roinnt daltaí ar meath fiú.

Le linn an dara bliain, is dúshlán eile atá ann. Anseo, is é an *cuspóir* an dúshlán. Ní bhíonn daltaí cinnte faoi chuspóir an dara bliain agus teipeann ar chaidreamh gníomhach an dalta i roinnt cásanna de thoradh air seo, rud a éireoidh níos measa sna blianta amach rompu. Nuair a théann na daltaí isteach sa tríú bliain, is é an dúshlán ná *an táirge*. Ní bhíonn foghlaim na ndaltaí dírithe ach ar ullmhú i dtreo an scrúdaithe. Le linn na tréimhse seo, leagann na múinteoirí róbhéim, agus a gcuid daltaí leis, ar struchtúr an chúrsa agus ar an gcúrsa a chríochnú agus tagann faillí san fhoghlaim dhomhain chun solais dá dheasca sin. Ní mór dúinn triail a bhaint as cur chuige éagsúil i leith an mheasúnaithe agus an scrúdaithe chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Tugtar breac-chuntas ar na hathruithe seo sa chéad chaibidil eile, ach caithfear an bealach a ndéantar an fhoghlaim a eagrú thar an tsraith shóisearach a fhorbairt chomh maith.

## Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí

Tabharfar *Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí* isteach d'fhonn tacú le scoileanna agus iad ag forbairt chlár na Sraithe Sóisearaí ar ardchaighdeán a fhreastalóidh ar riachtanais na ndaltaí agus a bheidh oiriúnach do chomhthéacs, thimpeallacht agus do phobal na scoile.

Leagann an Creat amach gach ar chóir do na daltaí uile a fhoghlaim sa tsraith shóisearach. Déanann sé foráil do na cáilíochtaí náisiúnta a bhaineann leis an tsraith shóisearach. Ach, tugann sé an rogha ghairmiúil agus an tsolúbthacht do bhainistíocht na scoileanna agus do na múinteoirí chun cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun an fhoghlaim a eagrú agus í a oiriúnú d'fhonn freastal ar riachtanais na ndaltaí. Sa chomhthéacs seo, is í príomhaidhm an Chreata ná a chinntiú go mbeidh gach gné den churaclam agus eagrú an churaclaim sin dírithe ar an bhfoghlaim agus ar an múineadh a tharlaíonn gach lá i ngach seomra ranga agus i ngach suíomh foghlama a fheabhsú. Léiríonn taighde a rinneadh le déanaí ar athrú oideachasúil i gcórais oideachasúla ar fud an domhain atá ag feabhsú, bíodh is go mbíonn athrú struchtúrach agus acmhainní tábhachtach go fóill, go ndíríonn an chuid is mó d'idirghabhálacha ar an bhfoghlaim agus ar an múineadh agus '*caitheann siad níos mó dá ngníomhaíocht ag feabhsú an bhealaigh a seachadtar an treoir, in ionad an t-ábhar a sheachadtar a athrú*' (McKinsey, 2010).

Cuirfidh an creat ráitis cuspóra, a bheidh bainteach leis an tsraith shóisearach, le heolas a cheapfar chun treoir a chur ar fáil do scoileanna i leith clár na Sraithe Sóisearaí a phleanáil agus a fhorbairt. Leagfaidh sé amach na téarmaí tagartha do scoileanna agus tabharfaidh sé tacaíocht do scoileanna a bheidh ag dul i ngleic le forbairt na Sraithe Sóisearaí a phleanáil.

## Cén chaoi a dtacóidh an Creat le foghlaim níos fearr sa tsraith shóisearach?

Tabharfaidh an *Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí* tuilleadh neamhspleáchais agus solúbthachta do scoileanna ná mar atá acu faoi láthair agus iad ag pleanáil agus ag eagrú chlár na Sraithe Sóisearaí a bheidh dírithe ar an bhfoghlaim a tharlóidh sna seomraí ranga i ngach bliain den tsraith shóisearach. Tá an creat ceaptha chun nuáil a spreagadh sa scolaíocht, sa mhúineadh agus san fhoghlaim chruthaitheach sa seomra ranga. Cuirfidh sé an scoil ar a cumas litearthacht, uimhearthacht agus príomhscileanna eile a chuimsiú san fhoghlaim chomh maith.

Déanfaidh an creat seo cur síos soiléir agus comair ar na rudaí ba chóir do na daltaí a fhoghlaim. Leagtar é seo amach i **24 ráiteas foghlama**. Ní leagann na ráitis gach rud amach a d'fhéadfadh an dalta a fhoghlaim le linn na Sraithe Sóisearaí, ach léiríonn siad nach féidir cur síos a dhéanamh ar na rudaí ba chóir don dalta a fhoghlaim i gcomhthéacs na n-ábhar amháin. Beidh na ráitis seo ina mbonn do na scoileanna a bheidh ag pleanáil agus ag meas chláir éagsúla na Sraithe Sóisearaí. Mar chuid den phróiseas pleanála sin, beidh orthu machnamh a dhéanamh ar chomhpháirteanna an churaclaim (ábhair agus gearrchúrsaí) agus eispéiris foghlama a nascadh le chéile, rud a chinnteoidh go gcuimseofar na ráitis foghlama uile, chomh maith le príomhscileanna agus scileanna litearthachta agus uimhearthachta i ngach clár do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí. Go bunúsach, seasfaidh na ráitis foghlama agus na scileanna seo don fhoghlaim a gcaithfidh gach dalta dul i ngleic léi le linn na Sraithe Sóisearaí. Beidh na ráitis seo fónta do na daltaí agus dá dtuismitheoirí chomh maith mar threoir ar na rudaí a bheidh i ndán dóibh agus iad ag tabhairt faoin tsraith shóisearach.

Déanann ráitis foghlama na Sraithe Sóisearaí cur síos ar gach a gcaithfidh na daltaí a thuiscint agus a bheith ar an eolas faoi, agus gach a gcaithfidh meas a bheith acu air de thoradh ar an tréimhse a chaithfidh siad sa tsraith shóisearach. Mar gheall ar go mbeidh na scoileanna ag pleanáil a gclár féin, beidh na ráitis seo mar bhonn agus thaca ag comhsheasmhacht na gclár idir scoileanna agus bainfear úsáid astu chun obair na scoileanna a mhonatóiriú agus a mheas. Leagann siad fócas na foghlama agus an mhúinte amach thar gach réimse foghlama. Tá na ráitis foghlama seo leagtha amach in Tábla 2 thíos.

*Tábla 2.*
Ráitis foghlama

| | An dalta i mbun foghlama: |
|---|---|
| 1 | Déanann an dalta cumarsáid éifeachtach le roinnt meán agus i réimse comhthéacsanna sa T1[1] |
| 2 | Déanann an dalta leibhéal oilteachta pearsanta a bhaint amach sa T2 agus teanga amháin eile i léitheoireacht, scríbhneoireacht, labhairt agus éisteacht |
| 3 | Déanann an dalta téacsanna a chruthú, a mheasúnú agus a léirmhíniú go grinn (téacsanna i scríbhinn, ó bhéal, amhaircthéacsanna agus téacsanna eile) |
| 4 | Déanann an dalta sainaithint ar úsáidí a fhéadtar a bhaint as eolas matamaiticiúil, scileanna agus tuiscint ar gach réimse foghlama |
| 5 | Déanann an dalta úsáid a bhaint as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla chun straitéisí a cheapadh d'fhonn fadhbanna a réiteach |
| 6 | Déanann an dalta cur síos ar phatrúin agus choibhneasa agus déanann iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú |
| 7 | Déanann an dalta a chuid scileanna breathnóireachta, fiosraithe agus smaointeoireachta criticiúla a fheabhsú |
| 8 | Déanann an dalta tuiscint ar an dúlra a fhorbairt |
| 9 | Déanann an dalta luacháil ar a bhfuil i gceist le bheith ina shaoránacht ghníomhach, ar na cearta atá aige agus na dualgais atá air sa chomhthéacs áitiúil agus i gcomhthéacs níos leithne |
| 10 | Foghlaimíonn an dalta céard atá i gceist le smaoineamh agus iompar freagrach |
| 11 | Tuigeann an dalta dáileadh feiniméan sóisialta, eacnamaíocha, agus comhshaoil |
| 12 | Tá meas ag an dalta ar an oidhreacht áitiúil agus náisiúnta agus tuigeann sé tábhacht an ama atá thart i leith saincheisteanna agus imeachtaí reatha sa tír seo agus ar fud an domhain |
| 13 | Déanann an dalta cinntí eolasacha airgeadais agus scileanna maithe tomhaltacha a fhorbairt |
| 14 | Tugann an dalta faoi rudaí ina aonar agus déanann scileanna fiontraíocha a fhorbairt |
| 15 | Úsáideann an dalta an teicneolaíocht chuí chun dul i ngleic le dúshlán dearaidh |
| 16 | Cuireann an dalta scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a dhéanann sé samhlacha agus táirgí a fhorbairt trí úsáid a bhaint as réimse ábhar agus teicneolaíochtaí |
| 17 | Déanann an dalta saothair ealaíonta a chruthú, a chur i láthair agus a mheasúnú |
| 18 | Déanann an dalta smaoineamh a fhorbairt ón mbunsmaoineamh féin go dtí an táirge |
| 19 | Baineann an dalta úsáid éifeachtach agus eiticiúil as an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide san fhoghlaim agus sa saol |
| 20 | Déanann an dalta beart chun a leas, agus leas daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn |
| 21 | Tá meas ag an dalta ar an mbealach a chuireann prionsabail, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis an bpobal agus leis an gcultúr ina bhfuil sé ina chónaí |
| 22 | Déanann an dalta cinnteoireacht mhorálta, eiticiúil agus fhreagrach agus tuiscint ar phrionsabail phearsanta a fhorbairt |
| 23 | Déanann an dalta tábhacht bia agus cothaithe a thuiscint i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh |
| 24 | Déanann an dalta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fisiceacha go muiníneach agus go cumasach |



[1] Is í T1 teanga na scoile (Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge). Is í T2 dara teanga na scoile (Béarla i scoileanna lán-Ghaeilge).

## Comhpháirteanna an churaclaim

Beidh teagmháil ghníomhach an dalta leis na ráitis foghlama bunaithe ar thrí chomhpháirt an churaclaim; ábhair, gearrchúrsaí agus Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATF) do líon beag daltaí a bheidh ag obair i dtreo cháilíocht ag Leibhéal 2.

Forbróidh agus foilseoidh an CNCM na sonraíochtaí (cáipéisí maidir leis an siollabas) i dtaca le gach ábhar, gach ATF agus roinnt gearrchúrsaí. Beidh níos mó i gceist leis na sonraíochtaí nua ná deasú beag ar a bhfuil ar an bhfód cheana, nó eagrán nua ina gcuirtear torthaí foghlama in áit liostaí ábhar ná cuspóirí. Mar a pléadh i gCuid 1, is nasc ríthábhachtach é an creat idir an curaclam *agus* an measúnú. Tar éis na socruithe nua a chur i bhfeidhm, beidh ról nua ag na sonraíochtaí nach raibh acu go dtí seo san oideachas iar-bhunscoile. Bainfear úsáid astu mar uirlisí ar mhaithe le pleanáil, mar bhealach a dtacófar leis an bhfoghlaim agus le monatóireacht a dhéanamh uirthi, agus mar áis le haghaidh tuairisciú do thuismitheoirí. Ní bheidh an cúrsa ina aonán le bheith 'clúdaithe' a thuilleadh. Ach, beidh sé ina fhócas agus ina acmhainn d'fhonn an fhoghlaim a éascú.

## Na hÁbhair

Cuirfidh an CNCM sonraíochtaí curaclaim ar fáil i dtaca le hábhair agus beidh siad seo toradhbhunaithe agus ar comhleibhéal den chuid is mó. Déanfar an Ghaeilge, an Béarla agus an mhatamaitic a shonrú ar dhá leibhéal.

Beidh na torthaí foghlama sna sonraíochtaí seo níos lú fairsing agus mionsonraithe ná na torthaí atá ann i láthair na huaire, agus ceapfar iad le haghaidh thart ar 200 uair an chloig theagmhála leis an bhfoghlaimeoir. Deirtear 'thart ar 200 uair' anseo de bharr nach mbeidh an t-am a chaithfear ag foghlaim i sonraíocht ar leith díreach mar an gcéanna i ngach scoil agus braithfidh sé ar an tosaíocht a thabharfar, i measc tosca eile, don dáileadh ama, don chur chuige agus do na gníomhaíochtaí a úsáidfear i leith na foghlama agus an mhúinte, agus don ghrúpa daltaí atá i gceist. Ba cheart glacadh leis an 200 uair an chloig mar íosmhéid, agus ní chiallaíonn sé nach féidir le scoil níos mó ama ná sin a chaitheamh nuair is gá nó nuair a dhéanfadh sé maitheas. D'fhonn forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chur chun cinn, ceapfar sonraíochtaí curaclaim don Ghaeilge, don Béarla agus don mhatamaitic le haghaidh 240 uair an chloig theagmhála ar a laghad. Tabharfaidh an fócas méadaithe seo ar litearthacht agus uimhearthacht thar an gcuraclam cúnamh suntasach don fhoghlaim sna hábhair seo chomh maith.

Leagfaidh na sonraíochtaí amach an méid ama atá le caitheamh ar ghníomhaíochtaí measúnachta agus obair bhaile. Cuirfidh na sonraíochtaí in iúl an chaoi a mbainfidh an fhoghlaim a tharlóidh san ábhar nó sa ghearrchúrsa le ráiteas áirithe foghlama chomh maith.

Cuimseoidh torthaí foghlama an ábhair príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Leagfar béim láidir ar fhoghlaim agus mhúineadh an ábhair sna sonraíochtaí uile, agus léireoidh an chuid maidir leis an measúnacht agus leis an gcruthúnas foghlama an cur chuige athraithe i leith measúnachta sa tsraith shóisearach. Cuirfidh sí in iúl an chaoi a bhféadfadh an cruthúnas foghlama a bheith ina chúnamh i dtreo cáilíochtaí na Sraithe Sóisearaí a bhaint amach.

Trí úsáid a bhaint as eiseamláiriú agus ábhair shamplacha, cinnteoidh na sonraíochtaí le haghaidh na n-ábhar go mbeidh na scoileanna, na daltaí agus na tuismitheoirí ar an láneolas faoi leibhéal gnóthachtála nó na caighdeáin lena mbeifear ag súil ó na daltaí agus iad ag dul i ngleic leis an gcuraclam. Leagtar amach liosta ábhair na Sraithe Sóisearaí i láthair na huaire in Fíor 2; déanfar na sonraíochtaí nua curaclaim a fhorbairt sna hábhair seo.

## Gearrchúrsaí

Cén fáth gearrchúrsaí? De bharr gur iarr scoileanna deiseanna chun nascadh lena bpobail, chun gnéithe áirithe d'fhoghlaim daltaí a dhaingniú agus a neartú, chun eispéiris nua agus éagsúla agus úsáid teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chuimsiú in eispéireas na Sraithe Sóisearaí. Ceapfar gearrchúrsaí le haghaidh thart ar 100 uair an chloig theagmhála leis an bhfoghlaimeoir.

Léiríonn raon liosta na ngearrchúrsaí féideartha (Fíor 2) an deis a bheidh ann do nuáil i scoileanna de thoradh ar an gcomhpháirt seo. Ar an gcéad dul síos, leagfaidh an CNCM sonraíochtaí amach le haghaidh sé ghearrchúrsa gur féidir le scoileanna a úsáid. Tabharfaidh siad seo samplaí de ghearrchúrsaí éagsúla a bheidh ar aon dul le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí do scoileanna. Ach go minic déanfaidh scoileanna a gcuid gearrchúrsaí féin a fhorbairt bunaithe ar theimpléad a cheapfaidh an CNCM. Chun tacú leo agus iad ag tabhairt faoin ngníomhaíocht forbartha seo, agus de bhreis ar na samplaí a chuirfidh an CNCM ar fáil, cuirfidh an CNCM ábhair ar fáil

d'fhonn scoileanna a threorú tríd an bpróiseas forbartha agus d'fhonn cúnamh a thabhairt dóibh chun a chinntiú go gcloífidh na cúrsaí le caighdeán cuí.

Tá gach cosúlacht ann go mbeidh roinnt gearrchúrsaí an-chosúil le leaganacha níos giorra d'ábhair, ach iad bheith dírithe ar chineál áirithe foghlama nó réimse áirithe inniúlachta, ar nós *'Teanga agus Cultúr na Síne'* nó *'Matamaitic don Saol Mór agus do Shaol na hOibre'*. Tá seans ann go ndíreoidh gearrchúrsaí eile ar théamaí ar leith a dhéanfaidh plé le roinnt réimsí éagsúla, mar shampla *Maireachtáil Inbhuanaithe agus Bainistíocht Acmhainní* nó *A Bheith Nuálach; Dearadh Táirgí.* D'fhéadfaí scileanna foghlama pearsantaithe a fhorbairt chomh maith de thoradh ar ghearrchúrsaí a dhíríonn ar an bhfoghlaim fhiosrúbhunaithe nó ar fhoghlaim bunaithe ar an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide um ábhar nó théama ina bhfuil suim ag na daltaí. Ar bhonn uilescoile, beidh leagan amach na ngearrchúrsaí solúbtha go leor chun gníomhaíochtaí foghlama ar leith agus tionscnaimh agus imeachtaí de chuid na scoile a chuimsiú, ar nós ceoldrámaí nó clubanna leabhar.

Leagfaidh na sonraíochtaí na haidhmeanna agus na torthaí foghlama amach le haghaidh an chúrsa (príomhscileanna cuimsithe san áireamh), an chaoi a ndéanfar an cruthúnas foghlama a ghiniúint, a bhailiú, a mheas agus a thuairisciú, agus an úsáid a bhainfear as an bhfianaise sin i dtreo cháilíochtaí na Sraithe Sóisearaí.

Tá sé beartaithe go dtabharfar na gearrchúrsaí isteach go luath i bhforbairtí na Sraithe Sóisearaí. Beidh siad ina sainghnéithe den tsraith shóisearach nua, agus cé go mbeidh uasteorainn ar líon na ngearrchúrsaí a fhéadfar a úsáid mar chuid de cháilíochtaí, tabharfaidh siad deiseanna do na scoileanna chun dul i ngleic le forbairt churaclaim ina n-aonar, as láimh a chéile le scoileanna eile, le heagraíochtaí eile sa phobal nó le gníomhaireachtaí eachtracha. Cuirfear tacaíochtaí ar fáil do na daoine a bheidh bainteach leis an bpróiseas seo agus déanfar an taithí a bhaileofar de réir mar a dhéanfar dul chun cinn ar fhorbairt na ngearrchúrsaí a roinnt go forleathan.

Chun ardchaighdeán na ngearrchúrsaí agus na dtorthaí d'fhoghlaimeoirí a chinntiú, ní mhúinfidh ach múinteoirí na gearrchúrsaí seo. Cé go spreagfar an pobal nó gníomhaireachtaí eachtracha chun páirt a ghlacadh, beidh ceannasaíocht an ghairmí oideachais ríthábhachtach ó thaobh na cúrsaí seo a fhorbairt, a thacú agus a mheas.

## Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna)

Don líon beag daltaí a bheidh ag obair i dtreo cáilíochta ar Leibhéal 2, beidh an chuid is mó den chlár a mbeidh siad ag tabhairt faoi le linn na Sraithe Sóisearaí dírithe ar *Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna)*, príomhchomhpháirt an churaclaim i dtreo na cáilíochta sin. Cuimseoidh na hAonaid Tosaíochta Foghlama an fhoghlaim is tábhachtaí, is baintí agus is tairbhí do na daltaí seo. Beidh cúig *ATF* ann – *Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Ag tabhairt aire dom féin, Ag maireachtáil i measc an phobail, Ag ullmhú do shaol na hoibre.*

Forbróidh an CNCM na sonraíochtaí curaclaim le haghaidh gach *ATF*. Ceapfar gach aonad le haghaidh thart ar 250 uair an chloig theagmhála leis an bhfoghlaimeoir.

## Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí

Sa lá atá inniu ann, dírítear ar phríomhscileanna d'fhonn forbairtí a bhaint amach ag gach leibhéal de na córais oideachais ar fud na cruinne. Glacadh leis an gcur chuige seo in Éirinn le déanaí chomh maith, rud a bhí ina chúis le comhdhlúthú na béime ar scileanna san oideachas luath-óige, sa churaclam bunscoile agus sa tsraith shinsearach. Cé go ndéanfar teagmháil le scileanna ar leith in ábhair agus gearrchúrsaí le linn na Sraithe Sóisearaí, beidh na príomhscileanna lárnach d'fhoghlaim na ndaltaí a neartú agus a bhfeasacht orthu féin mar fhoghlaimeoirí a mhéadú. Beidh sé seo ina chúnamh chun iad a ullmhú d'fhonn is go mbeidh siad in ann tabhairt faoi dhúshláin na sraithe sinsearaí agus faoi dhúshláin eile ina diaidh sin.

Is suntasach an rud é an díriú intinne nua seo ar phríomhscileanna, do na hathruithe atá molta don tsraith shóisearach chomh maith. De bharr go mbeidh níos mó feasachta ag na daltaí ar an mbealach a bhfoghlaimíonn siad, agus ar gach atá á fhoghlaim acu, beidh siad in ann cruthúnas ar an bhfoghlaim sin a ghiniúint agus iad ag déanamh dul chun cinn.

Beidh príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí bunaithe ar thaighde agus chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo le '**DeSeCo**' (an Creat um Príomhinniúlachtaí a Shainmhíniú agus a Roghnú) de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) (féach Achoimre Fheidhmeach DeSeCo, 2005) a leagann trí chatagóir leathana amach

*Fíor 2.*
Curaclam na Sraithe Sóisearaí

## NA hÁBHAIR

- Ealaín Ceardaíocht agus Dearadh
- Staidéar Gnó
- Na clasaicí
- OSSP
- Béarla
- Fraincis
- Tíreolaíocht
- Gearmáinis
- Stair
- Eacnamaíocht Bhaile
- Gaeilge
- Iodáilis
- Staidéar ar an nGiúdachas
- Teicneolaíocht Ábhar Adhmad
- Matamaitic
- Miotalóireacht
- Ceol
- Corpoideachas
- Oideachas Reiligiúnach
- Eolaíocht
- Spáinnis
- OSPS
- Grafaic Theicniúil
- Teicneolaíocht

## GEARRCHÚRSAÍ FÉIDEARTHA

- Staidéar Cultúrtha
- Maireachtáil Inbhuanaithe agus Bainistíocht Acmhainní
- Díospóireacht agus Óráidíocht
- Leabhar a Scríobh
- Oideachas Forbartha
- Roghanna a Dhéanamh
- Bainistiú ar Airgead Pearsanta
- Ceoldráma na Scoile/ Drámaíocht agus Taibhiú
- Cóitseáil Phobail
- A Bheith Nuálach; Dearadh Táirgí
- Dearadh Gréasáin
- r-Phunann a chur le chéile
- An tSínis agus Litríocht na Síne
- Matamaitic don Saol Mór agus do Shaol na hOibre

## AONAID TOSAÍOCHTA FOGHLAMA (ATFanna)

**CÁILÍOCHT AG LEIBHÉAL 2**

- Cumarsáid agus Litearthacht
- Uimhearthacht
- Ag tabhairt aire dom féin
- Ag maireachtáil sa Phobal
- Ag ullmhú do Shaol na hOibre

## SCILEANNA

**PRÍOMHSCILEANNA**

- Mé Féin a Bhainistiú
- A Bheith Folláin
- Cumarsáid a Dhéanamh
- Ag Obair le Daoine Eile
- A Bheith Cruthaitheach
- Fáisnéis agus Smaointe a Bhainistiú

**LITEARTHACHT**

**UIMHEARTHACHT**

do phríomhscileanna/phríomhinniúlachtaí: úsáid idirghníomhach a bhaint as uirlisí; ag idirghníomhú le grúpaí ilchineálacha; agus ag feidhmiú go neamhspleách. D'imir an cur chuige i leith príomhinniúlachtaí i roinnt tíortha eile, ar nós na Nua-Shéalainne, Queensland na hAstráile, agus Cheanada, tionchar nuair a bhí tacar na bpríomhscileanna seo á fhorbairt chomh maith.

Léiríonn rogha na bpríomhscileanna sa tsraith shóisearach an tábhacht a bhaineann le naisc a chruthú agus a choinneáil le forbairt scileanna i gcéimeanna eile oideachais in Éirinn chomh maith. Cuirtear béim ar scileanna féinchúnaimh, scileanna cumarsáide, scileanna smaointeoireachta, scileanna comhair, smaointeoireacht chruthaitheach, scileanna fadhbréitigh agus scileanna fiosraithe san oideachas luath-óige agus bunscoile. Le déanaí, tá scileanna, cosúil le smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, cumarsáid, próiseáil faisnéise, scileanna féinéifeachtachta agus comhoibriú le daoine eile, á dtabhairt isteach sa tsraith shinsearach. Cé go raibh príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí dírithe ar an bhfoghlaimeoir go príomha, bhí siad nasctha le scileanna na sraithe sinsearaí agus le scileanna a forbraíodh cheana san oideachas luath-óige agus bunscoile chomh maith. Bhí siad bunaithe ar idirghníomhartha le scoileanna chomh maith, na scoileanna a raibh taithí acu in obair le príomhscileanna na sraithe sinsearaí go háirithe. Ba iad na príomhtheachtaireachtaí a fuarthas ó scoileanna ná: coinnigh teanga na scileanna oiriúnach d'fhoghlaimeoirí den aois sin; tabhair sonraí maidir le gach príomhscil, chomh maith le gnéithe agus torthaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh do mhúinteoirí chun na príomhscileanna a nascadh le curaclam an ábhair; cuir uirlisí ar fáil a thabharfadh cúnamh do mhúinteoirí chun na príomhscileanna a nascadh lena bpleanáil agus leis an obair ranga. Déanfaidh daltaí na Sraithe Sóisearaí teagmháil le scileanna a bheidh oiriúnach dá gcéim forbartha, ach cinnteofar a leanúnachas le foghlaim roimhe agus le foghlaim amach rompu ag an am céanna.

Beidh na scileanna an-fhónta do dhaltaí na chéad bhliana go ró-áirithe de bharr go gcuirfidh siad ar a gcumas gach ar fhoghlaim siad le linn na bunscoile a dhaingniú chomh maith le scileanna a fhorbairt a bheidh mar bhonn agus mar thaca acu sa dara agus sa tríú bliain. Ar an mbealach seo, feidhmeoidh na scileanna d'fhonn an trasdul ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil a éascú. Féadfaidh foghlaimeoirí freagracht as a gcuid foghlama féin a fhorbairt agus úsáid a bhaint as na príomhscileanna chun cuidiú leo agus iad ag dul i ngleic le timpeallacht nua na Sraithe Sóisearaí.

Is iad príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí ná *Mé féin a bhainistiú, A bheith folláin,, Cumarsáid a dhéanamh, A bheith cruthaitheach, Ag obair le daoine eile,* agus *Faisnéis agus smaointe a bhainistiú.* De réir mar a fhorbróidh foghlaimeoirí a gcuid inniúlachta i ngach ceann de na sé príomhscil, forbróidh siad a gcuid inniúlachta i leith foghlama chomh maith trí úsáid a bhaint as na scileanna chun feabhas a chur ar an mbealach a fhoghlaimíonn siad ar bhonn leanúnach. Tá obair le teicneolaíochtaí ina cuid de gach ceann de na scileanna chomh maith.

Beidh na príomhscileanna cuimsithe i dtorthaí foghlama na sonraíochtaí curaclaim uile agus spreagfar múinteoirí chun iad a chur san áireamh i bpleanáil a gcuid ceachtanna, ina gcur chuige múinteoireachta agus i measúnacht. Leagtar gnéithe na scileanna seo amach in Tábla 3, chomh maith leis na rudaí ar chóir don dalta a bheith ar an eolas fúthu agus na rudaí ba chóir don dalta a bheith in ann a dhéanamh i leith gach ceann acu. Léirítear na príomhscileanna i bhfriotal atá furasta don fhoghlaimeoir ionas go mbeidh na foghlaimeoirí in ann úsáid a bhaint astu d'fhonn a ndul chun cinn féin a thacú, a mhonatóiriú, agus a mheas.



## Cén chaoi a gcuirtear na príomhscileanna san áireamh san fhoghlaim agus sa mhúineadh?

Beidh cur chuige cruthaitheach riachtanach ó thaobh múineadh agus foghlaim de chun na scileanna seo a fhorbairt i roinnt comhthéacsanna éagsúla agus ar bhealach a spreagfar gníomhú. Caithfidh teagmháil a bheith ag foghlaimeoirí le gach ceann de na scileanna go minic ar feadh an churaclaim agus go leor deiseanna a bheith acu chun obair as láimh a chéile le daoine eile, chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus triail a bhaint as rudaí a dhéanamh ar bhealaí nua. Cuirfear réimse uirlisí agus ábhair thacaíochta eile ar fáil d'fhonn tacú le múinteoirí na príomhscileanna a chuimsiú agus iad ag múineadh sa tsraith shóisearach. Cuirfear ábhar féinmheasúnaithe ar fáil do dhaltaí chomh maith ionas go bhféadfaidh siad monatóireacht a dhéanamh ar an teagmháil a bheidh acu leis na scileanna agus ar a ndul chun cinn leo.

Nuair a chuimseofar iad ar bhonn samhlaíoch agus fuinniúil, ní féidir tábhacht agus cumhacht na bpríomhscileanna a shárú chun athnuachan na foghlama agus na múinteoireachta a bhaint amach. Léiríonn an taithí a fuarthas ó leibhéil eile ár gcórais oideachais (curtha in iúl, mar shampla, ag obair de

*Tábla 3.*
Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí

### MÉ FÉIN A BHAINISTIÚ

- Go mbeidh aithne agam orm féin
- Go mbeidh mé in ann cinntí pearsanta a dhéanamh
- Go mbeidh mé in ann aidhmeanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach
- Go mbeidh mé solúbtha agus féintreallúsach
- Go mbeidh mé in ann mo chuid foghlama féin a riaradh
- Go mbeidh mé in ann leas a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun mé féin a bhainistiú

### A BHEITH FOLLÁIN

- Go mbeidh mé sláintiúil, aclaí agus gníomhach
- Go mbeidh mé sóisialta agus sábháilte
- Go mbeidh mé spioradálta
- Go mbeidh mé muiníneach
- Go mbeidh mé dearfach faoi rudaí a fhoghlaim
- Go mbeidh mé in ann leas a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide go sábháilte agus go heiticiúil

### A BHEITH CRUTHAITHEACH

- Go mbeidh mé in ann samhlú
- Go mbeidh mé in ann roghanna agus malairtí eile a chur faoi chaibidil
- Go mbeidh mé in ann smaointe a chur i bhfeidhm agus beart a dhéanamh
- Go mbeidh mé fiontraíoch agus in ann athrú
- Go mbeidh mé in ann foghlaim go cruthaitheach
- Go mbeidh mé in ann leas a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun a bheith cruthaitheach

### CUMARSÁID A DHÉANAMH

- Go mbeidh mé in ann éisteacht agus mé féin a chur in iúl
- Go mbeidh mé in ann leas a bhaint as urlabhairt
- Go mbeidh mé in ann leas a bhaint as uimhríocht
- Go mbeidh mé in ann plé agus díospóireacht a dhéanamh
- Go mbeidh mé in ann mo chuid foghlama a chur in iúl
- Go mbeidh mé in ann leas a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach

### AG OBAIR LE DAOINE EILE

- Go mbeidh mé in ann dáimh éifeachtach a chothú le daoine eile agus easaontas a réiteach
- Go mbeidh mé in ann comhoibriú
- Go mbeidh meas agam ar an éagsúlacht
- Go mbeidh mé in ann páirt a ghlacadh
- Go mbeidh mé in ann foghlaim in éineacht le daoine eile
- Go mbeidh mé in ann leas a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun comhoibriú le daoine eile

### FAISNÉIS AGUS SMAOINTE A BHAINISTIÚ

- Go mbeidh mé fiosrach
- Go mbeidh mé in ann eolas a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú agus a mheas
- Go mbeidh mé in ann úsáid a bhaint as eolas chun fadhbanna a réiteach agus idéanna nua a chruthú
- Go mbeidh mé in ann smaoineamh go cruthaitheach agus go grinn
- Go mbeidh mé in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin agus a bheith in ann í a mheas
- Go mbeidh mé in ann leas a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun rochtain ar eolas, agus é a bhainistiú agus a roinnt

chuid an CNCM ag leibhéal na sraithe sinsearaí) agus de thoradh ar threochtaí atá ag teacht chun solais i dtíortha eile, an tábhacht ar leith atá leo mar mhodh chun caighdeán na teagmhála a mhéadú thar an gcuraclam agus i ngnéithe eile de shaolta daoine óga. Agus iad ag dul isteach sa tsraith shinsearach agus ag tabhairt aghaidh ar an Ardteistiméireacht, beidh daltaí atá cumasach san fhoghlaim in ann an leas is mó agus is fearr a bhaint as na cláir éagsúla a bheidh ar fáil.

## An litearthacht agus an uimhearthacht a nascadh leis na príomhscileanna

Tacóidh na príomhscileanna le litearthacht agus uimhearthacht a fhorbairt chomh maith, rud a bheidh an-tábhachtach d'fhoghlaimeoirí ó thaobh rochtain ar an gcuraclam agus ó thaobh na ndeiseanna a gheobhaidh siad sa todhchaí. Mar shampla, beidh scileanna cumarsáide, fadhbréitigh, agus scileanna chun rochtain ar eolas agus é a roghnú, ina gcúnamh le forbairt litearthachta agus uimhearthachta i ngach réimse foghlama. Tacóidh na hábhair agus na gearrchúrsaí a bhainfidh le teangacha agus leis an mhatamaitic go háirithe le forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta go díreach. Ar bhonn níos leithne, cuirfidh torthaí foghlama a bhainfidh le gach comhpháirt den churaclam forbairt chomhtháite scileanna litearthachta agus uimhearthachta chun cinn thar an gcuraclam, chomh maith le foghlaim na bpríomhscileanna a chur chun cinn.

Rinneadh tagairt thuas do na dúshláin a chuirtear faoi fhoghlaimeoirí agus iad ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh i réimsí áirithe ar nós na matamaitice agus na léitheoireachta, agus faoi scoileanna i leith deiseanna a chur ar fáil do na daltaí chun na scileanna seo a fhorbairt. Cuirfidh an tsolúbthacht pleanála agus deartha a éascóidh an Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí ar chumas scoileanna cláir a chur i bhfeidhm a dhíreoidh ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta a dhaingniú sa chéad bhliain. Mar aon leis na daltaí a chumasú le dul chun cinn a dhéanamh sna scileanna ina n-aonar, beidh clár dírithe den chineál seo ina bhonn maith agus iad ag tabhairt faoin dara agus faoin tríú bliain. Chun é seo a bhaint amach go héifeachtach, caithfidh forbairt scileanna a bheith mar chuid d'fhís na scoile le haghaidh na Sraithe Sóisearaí.

Ní hamháin go mbíonn múinteoirí Gaeilge, Béarla agus matamaitice freagrach as scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt in iar-bhunscoileanna, bíonn ról tábhachtach ina thaobh ag múinteoirí na n-ábhar uile. Ní mór do gach múinteoir obair i dtreo feabhas a chur ar inniúlacht an fhoghlaimeora chun brí a chur in iúl—ón gcainteoir chuig an éisteoir, ón scríbhneoir chuig an léitheoir, ón gcruthaitheoir chuig an mbreathnóir—agus úsáid a bhaint as uimhreacha go muiníneach i ngach réimse; ba chóir dóibh deiseanna a lorg ina n-ábhar féin chun na scileanna seo a fhorbairt. Ba chóir go dtabharfadh na sonraíochtaí nua ábhar deis do na múinteoirí agus do na daltaí an caidreamh gníomhach seo a chothú, agus tabharfaidh na gearrchúrsaí nua deis do na scoileanna, don chéad uair riamh, cúrsa bunaithe ar scil ar leith a chur ar fáil mar chuid den tsraith shóisearach sa chás go sílfidís go mbeadh gá leis an gcur chuige sin.

## Cláir na Sraithe Sóisearaí

Déanfaidh na scoileanna a gcláir féin a shocrú le haghaidh na Sraithe Sóisearaí a chuimseoidh roinnt ábhar, gearrchúrsaí, agus príomhscileanna (nó ATFanna) a rachaidh na daltaí i ngleic leo le linn na Sraithe Sóisearaí. Caithfidh an clár a bheith ar aon dul leis an gCreat, ach seachas é sin, beidh na scoileanna in ann a rogha ruda a chur leis agus é a leagan amach agus a eagrú.

Chun an Creat a chomhlíonadh, ní mór do chláir;

- cloí le fís, luachanna agus bunphrionsabail oideachas na Sraithe Sóisearaí agus iad a léiriú
- tabhairt faoi na ráitis foghlama
- béim a leagan ar fhorbairt phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí – *Mé féin a bhainistiú*, *A bheith folláin*, *Cumarsáid a dhéanamh*, *A bheith cruthaitheach*, *Ag obair le daoine eile*, agus *Faisnéis agus smaointe a bhainistiú*
- measúnacht a éascú agus an próiseas i dtaca leis an gcruthúnas foghlama a ghiniúint, a bhailiú, a mheas agus a thuairisciú, a éascú
- tacú le cáilíocht na Sraithe Sóisearaí a bhaint amach
- leanúnachas ón oideachas bunscoile a chinntiú agus deiseanna eile a chur ar fáil i dtreo oideachas na sraithe sinsearaí

## Cén chaoi a leagfar amach an clár?

Mairfidh clár na Sraithe Sóisearaí 3 bliana na Sraithe Sóisearaí. D'fhéadfaí clár a phleanáil ar bhonn blianghrúpa go bliainghrúpa nó ar bhonn eile. Is mian le roinnt scoileanna clár a chur le chéile do lucht na chéad bhliana a dhíríonn ar dhaltaí a chumasú le haistriú go rathúil ón oideachas bunscoile go dtí an t-oideachas iar-bhunscoile, ar scileanna a dhaingniú agus ar bhunús maith a chur le foghlaim ar mhaithe leis an dara agus leis an tríú bliain. Do na scoileanna seo, is bliain ar leith í an chéad bhliain atá scartha ón gcéad dhá bhliain eile, blianta ina n-athraíonn foghlaim an dalta ina eispéireas leathan thar gach réimse foghlama i dtreo cáilíocht na Sraithe Sóisearaí a bhaint amach ag an deireadh. D'ainneoin na gcinntí a dhéanfaidh na scoileanna maidir le struchtúr na Sraithe Sóisearaí, cuirfidh an creat in iúl nach mbeidh an cruthúnas foghlama ón gcéad bhliain curtha san áireamh sa mheasúnacht le haghaidh na cáilíochta.

Go dtí pointe áirithe, imreoidh an cháilíocht/na cáilíochtaí roghnaithe tionchar ar chlár Sraithe Sóisearaí na scoile. Mar shampla, beidh ar scoileanna ina mbeidh daltaí ag obair i dtreo cáilíocht Leibhéal 2 am suntasach a thabhairt d'Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna), príomhchomhpháirt an churaclaim i gcás na cáilíochta sin. Ach feicfidh scoileanna go gcuirfidh an cháilíocht nua níos lú brú ar an gclár i gcomparáid leis an mbrú a chuireann an Teastas Sóisearach ar an gclár i láthair na huaire mar gheall ar go mbeidh líon níos lú comhpháirteanna curaclaim i gceist leis an gcáilíocht seo ar an iomlán. Mar sin, beidh solúbthacht shuntasach ag scoileanna um an gclár a phleanáil agus a eagrú.



## Cén chaoi a ndéanfaidh scoileanna clár na Sraithe Sóisearaí a fhorbairt?

Is féidir le scoileanna cur leis na cláir atá acu faoi láthair don tsraith shóisearach, nó iad a athchóiriú agus a mhéadú. Is féidir leo gnéithe de chláir ar nós Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh a chur san áireamh ina gcláir. Beidh treoirlínte forleathana le fáil ag scoileanna ina mbeidh daltaí ag obair i dtreo cáilíocht Leibhéal 2, samplaí de na cláir a rinne scoileanna eile a fhorbairt cheana féin san áireamh.

I gcomhthéacs níos leithne, déanfaidh roinnt scoileanna obair as láimh a chéile leis an CNCM thar thréimhse ama chun a gcláir a phleanáil agus a fhorbairt, agus beidh cláir shamplacha ó na scoileanna seo le fáil ar líne mar acmhainn do scoileanna eile ina dhiaidh sin. Cuirfidh scoileanna eile líonraí beaga ar bun d'fhonn comhoibriú lena chéile chun réimse clár a fhorbairt. Léireoidh an obair leis na scoileanna seo an méid ama a bheidh ag teastáil le haghaidh an chomhoibrithe, chomh maith leis an gcaoi ar féidir le scoileanna leithdháiltí reatha a úsáid, agus an úsáid is fearr a bhaint as na leithdháiltí breise a chuirfear ar fáil do scoileanna chun tacú leis an obair seo. Forbrófar uirlisí agus teimpléid phleanála agus cuirfear ar fáil do na scoileanna iad d'fhonn tacú le hobair phleanála agus forbartha na scoileanna. Ag cur leis an taithí a fuarthas de thoradh ar Uirlis Phleanála Churaclam na mBunscoileanna a fhorbairt, déanfaidh an CNCM uirlis ar líne a fhorbairt a nascfaidh na torthaí foghlama sna hábhair leis na ráitis foghlama, agus a thabharfaidh samplaí den chaighdeán inghlactha ag an am céanna.

Tabharfaidh an tsolúbthacht i leith an clár a leagan amach agus a phleanáil deis do na scoileanna na daltaí agus a dtuismitheoirí – chomh maith le baill foirne – a tharraingt isteach sa phlé maidir leis an gcineál cláir a fhreastalódh ar leas foghlama agus riachtanais na ndaltaí ar an mbealach is fearr, ach a thacódh le cuspóirí agus spriocanna na scoile sin ag an am céanna.

## Measúnacht ar an gClár

Ar an gcéad dul síos, déanfaidh an scoil féin measúnacht ar éifeacht a cláir féin ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go mbeidh sé ag tacú lena cuid daltaí príomhscileanna a fhorbairt, litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú agus é sin go léir in eispéireas foghlama a bheidh bainteach leis na ráitis foghlama uile. Sa phróiseas seo, níl aon amhras ann go mbeidh eolas measúnachta, a bheidh bailithe ar feadh na Sraithe Sóisearaí, úsáideach. Beidh an mheasúnacht inmheánach seo tacaithe ag an measúnacht a dhéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna trí obair a cigireachta.

Léireoidh na ráitis foghlama, na príomhscileanna, na hábhair, na gearrchúrsaí agus na haonaid tacaíochtaí foghlama an fócas nua ar an bhfoghlaim a pléadh ag tús na coda seo. Ach, braithfidh cé acu an ndéanfaidh an fócas seo aon difríocht do na daltaí nó nach ndéanfaidh ar an mbealach a ndéanfar measúnacht ar an bhfoghlaim. Déanfaidh na moltaí sa chéad chaibidil eile breac-chuntas ar na hathruithe sin.

## Conclúid

Beidh an *Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí* dírithe ar an bhfoghlaim go príomha. Tá fócas na foghlama sin leagtha amach go soiléir sna Ráitis Foghlama agus i bPríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Feidhmeoidh na cláir, a bhainfidh úsáid as ábhair nuashonraithe, gearrchúrsaí nua agus, i gcásanna áirithe, ATFanna chun an fhoghlaim a éascú. Tá sé mar aidhm anseo go gcuideoidh na rudaí seo uile leis an bhfoghlaimeoir nasc a dhéanamh le heispéireas oideachas na Sraithe Sóisearaí ó thús deireadh.

# 04

# 4. An measúnú agus an cruthúnas foghlama sa tsraith shóisearach

Is cuid d'obair laethúil múinteoirí agus daltaí é an measúnú. Is é atá ann ná an próiseas ina ndéantar an cruthúnas foghlama a ghiniúint, breithiúnais faoin bhfoghlaim sin a thabhairt agus a roinnt, agus i gcásanna áirithe, torthaí measúnaithe a chur faoi bhráid grúpa níos leithne. Úsáideann múinteoirí an cruthúnas d'fhonn pleanáil le haghaidh na foghlama agus chun dul chun cinn na ndaltaí a mheas, cé acu an bhfuil sé sin ar mhaithe le measúnú múnlaitheach maidir le foghlaim dalta ar bhonn leanúnach a fháil, nó an bhfuil sé ar mhaithe le hachoimre a dhéanamh ag deireadh tréimhse foghlama.

Maidir leis an bpróiseas ina n-oibríonn múinteoirí agus daltaí leis an gcruthúnas foghlama:

- is cuid leanúnach den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim é
- déanann na daltaí agus na múinteoirí cuspóirí foghlama agus na chéad chéimeanna eile a shainaithint
- gineann sé aiseolas a spreagann dul chun cinn an dalta agus a thugann tuiscint agus úinéireacht níos fearr ar a chuid foghlama don dalta
- díríonn sé an múinteoir agus an dalta ar an bhfoghlaim a fheabhsú a thuilleadh, rud a chuireann ar a gcumas an próiseas foghlama a mheas, sainaithint a dhéanamh ar gach ar tuigeadh agus nár tuigeadh, agus an fhoghlaim agus an mhúinteoireacht a oiriúnú dá réir sin
- cuireann sé in iúl don mhúinteoir, don scoil agus don chóras oideachais ar an iomlán go bhfuil an dalta ag déanamh dul chun cinn ar aon dul le hionchais
- is bonn éifeachtach é chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí ar bhealach a gcabhraíonn leo tacú le foghlaim a bpáistí
- is modh é chun a aithint gur tharla foghlaim, agus chun sainaithint a dhéanamh ar an bhfoghlaim sin (trí cháilíochtaí agus theistiúchán)

Is cuid den rud a dtugtar 'múinteoireacht mhaith' air go forleathan, an próiseas seo. Tugann taighde le tuiscint go gcaitheann múinteoirí idir trian agus leath dá n-am ranga ag dul i ngleic le cineál measúnachta nó gníomhaíocht mheasúnaithe (Stiggins agus Conklin, 1992). Mar shampla, cuimsíonn ceacht atá dírithe ar chruthúnas a ghiniúint tar éis ábhar staire áitiúla a fhiosrú, foghlaim AGUS gníomhaíocht mheasúnaithe araon. Is cuid den phróiseas foghlama í giniúint an chruthúnais sa chás seo. Is gné shainitheach í de chóras measúnaithe ar ardchaighdeán, gur chóir don mheasúnú a bheith chomh cosúil agus is féidir leis an bhfoghlaim, agus nár chóir dó a bheith dírithe ar 'fheidhmíocht' ar mhaithe leis an measúnú amháin, ach a bheith mar chuid chomhtháite den phróiseas foghlama.

Tá an dea-mheasúnú, an dea-mhúinteoireacht agus an dea-fhoghlaim an-ghaolmhar lena chéile agus is cuid de dhea-chleachtas laethúil an tseomra ranga iad. Is é an rud a tharla i gcás na Sraithe Sóisearaí le blianta anuas ná go ndearnadh neamhaird den dea-chleachtas i bhfách le díriú ar scrúduithe, rud a cheapann múinteoirí, daltaí agus a dtuismitheoirí go minic a bheith ina *dhea-chleachtas*. Sa tsraith shóisearach nua, déanfaidh múinteoirí dul chun cinn agus gnóthachtáil na ndaltaí a mheasúnú agus a thuairisciú go fóill sna hábhair, sna gearrchúrsaí agus sna príomhscileanna a bheidh ina gcuid de chlár na scoile. Déanfaidh siadsan agus na daltaí an cruthúnas foghlama **a ghiniúint, a bhailiú, a mheas** agus **a thuairisciú**, mar ba ghnách go dtí seo chomh maith. Ach, tá sé beartaithe go mbeidh gaol níos dlúithe idir an measúnú agus an foghlaim sa tsraith shóisearach nua, gaol a bheidh tacaithe ag fócas laghdaithe ar scrúduithe ceann cúrsa.

## An cruthúnas foghlama a ghiniúint agus a bhailiú

Bíonn éagsúlachtaí ann idir na cineálacha cruthúnais a úsáidtear i ranganna faoi láthair agus na bealaí a

dhéantar iad a ghiniúint. Braitheann siad ar an bhfáth a bhfuil an cruthúnas á bhailiú den chuid is mó. I bhformhór na gcásanna, is í an aidhm ná chun gach ar foghlaimíodh a phlé agus a shainaithint, agus an chaoi ar féidir an fhoghlaim a chur chun cinn go dtí an chéad chéim nó leibhéal eile a mheas. Bíonn éagsúlachtaí idir na modhanna a úsáidtear chun cruthúnas a bhailiú i láthair na huaire:

- féadann an dalta a dhul chun cinn féin a mheas ina aonar nó é a phlé in éineacht lena chuid piaraí
- féadann grúpa daltaí agus/nó múinteoirí samplaí d'obair na ndaltaí eile a chur i gcomparáid lena chéile agus a phlé
- féadtar samplaí d'obair an dalta a bhailiú i bpunann agus iad a phlé leis an dalta ina aonar ar bhonn rialta
- féadann an múinteoir ceisteanna a chur maidir le hobair agus smaointe an dalta agus an obair agus na smaointe sin a phlé ar roinnt bealaí éagsúla
- féadtar breathnú ar obair na ndaltaí uile agus í a phlé
- féadann an múinteoir tascanna, tionscadail, tástálacha praiticiúla agus scrúduithe a cheapadh le haghaidh an dalta
- féadann an dalta tabhairt faoi scrúdú atá réitithe nó socraithe ag dream eile lasmuigh den scoil



Níl sa liosta seo ach sampla de na féidearthachtaí a bhféadfaí a úsáid chun an cruthúnas foghlama a bhailiú agus a réiteach i dtreo é a phlé nó a mheas.

Sa tsraith shóisearach nua, beidh roinnt de na hábhair agus de na gearrchúrsaí sonraithe ag an CNCM. Déanfar cur síos iomlán ar réimse na ngníomhaíochtaí measúnaithe san ábhar nó sa ghearrchúrsa sa tsonraíocht sin. I dtéarmaí ginearálta, is í an aidhm a bheidh ann ná

- go mbainfí cothrom amach idir an measúnú a tharlóidh i seomraí ranga agus scoileanna, agus a tharlóidh ag deireadh na Sraithe Sóisearaí agus na daltaí ag díriú ar an gcáilíocht
- go mbeadh an measúnú leanúnach – ní tharlóidh sé ag deireadh an phróisis foghlama – rud a thabharfaidh deis dul chun cinn incriminteach an dalta a fheiceáil agus cur leis
- go mbainfeadh an measúnú leas as roinnt modhanna, tascanna agus straitéisí ionas go mbaileofar go leor cruthúnais chun cinntí cearta a dhéanamh faoin bhfoghlaim
- go mbeidh an measúnú bailí, ar aon dul le haidhmeanna agus torthaí foghlama an ábhair nó an ghearrchúrsa, agus leis na cuspóirí foghlama a bheidh beartaithe don dalta
- go ndéanfaidh an measúnú timpeallacht foghlama ar ardchaighdeán a chur chun cinn trí bhíthin na dtascanna agus na modhanna a gcuirfear ar siúl
- go dtabharfaidh an measúnú cothrom na Féinne do na daltaí, rud a chuirfidh ar a gcumas a gcuid gnóthachtálacha oideachasúla a léiriú i réimse comhthéacsanna foghlama thar thréimhse ama.

## Obair a mheas agus a thuairisciú bunaithe ar an gcruthúnas foghlama

Tá baint ag daltaí iad féin, ag múinteoirí agus ag foinsí lasmuigh den scoil le hobair atá bunaithe ar an gcruthúnas foghlama a mheas. Chomh maith leis sin, bíonn na tuairiscí maidir leis an bhfoghlaim dírithe ar roinnt grúpaí éagsúla. Is é an grúpa is tábhachtaí ná na daltaí féin de bharr go mbraitheann siadsan ar aiseolas maidir lena gcuid foghlama agus maidir leis an dul chun cinn atá siad ag déanamh. Teastaíonn tuairiscí maidir le dul chun cinn a bpáistí ó thuismitheoirí chomh maith. Ní mór do scoileanna a bheith ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag a gcuid daltaí. Ar deireadh thiar, teastaíonn cruthúnas foghlama ón gcóras oideachais chun a chinntiú go bhfuil cuspóirí an churaclaim á gcomhlíonadh agus go bhfuil caighdeáin an chórais á gcoinneáil agus á bhfeabhsú.

Ar ndóigh, ní gá gach foghlaim ná cruthúnas foghlama a mheas ná a thuairisciú ach oiread. Is é an dúshlán atá ann i gcás na Sraithe Sóisearaí ná córas tuairisce a chur i bhfeidhm a bheidh fónta agus comhréireach ach nach mbeidh ródhochraideach do na daoine bainteacha, agus a leagfaidh béim láidir ar an bhfoghlaim a bheidh ag tarlú.

Sa tsraith shóisearach nua, beidh dhá thaca ar leith ann ar mhaithe leis an bhfoghlaim a mheas agus a thuairisciú bunaithe ar an gcruthúnas foghlama. Cuirfear teimpléid le haghaidh cártaí tuairisce nua ar fáil – a bheidh bunaithe ar na teimpléid atá in úsáid cheana sna bunscoileanna – chun tacú leis an tuairisciú do thuismitheoirí. Chomh maith leis na huirlisí tuairiscithe seo, agus d'fhonn tacú le múinteoirí agus iad ag meas fhoghlaim a ndaltaí, cuimseoidh na sonraíochtaí samplaí d'obair daltaí eile a léireoidh an caighdeán a mbeifí ag súil leis ó chineálacha éagsúla daltaí ar chéimeanna éagsúla na Sraithe Sóisearaí. Ginfear iad seo i gcomhpháirt le múinteoirí, agus cuimseoidh siad a gcuid tráchtanna ar obair na ndaltaí. Beidh rochtain ag tuismitheoirí, ag daltaí agus ag an bpobal i gcoitinne orthu seo chomh maith.

## An dalta agus an cruthúnas foghlama sa tsraith shóisearach nua

Beidh ról tábhachtach ag na daltaí anseo chomh maith. Caithfidh siad páirt níos gníomhaí a ghlacadh i gcruthúnas foghlama a ghiniúint, le tacaíocht óna múinteoirí. Nuair a chuir Staidéar Fadama na

hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES/ESRI) eispéireas dalta an Teastais Shóisearaigh faoi chaibidil, tugadh faoi deara go raibh na daltaí den tuairim gur ar an múinteoir go príomha a bhí an fhreagracht as iad a ullmhú don scrúdú (ITES, 2009). Ní nach ionadh go dtarlaíonn sé seo mar gheall ar go leagtar béim chomh mór sin ar 'fheidhmíocht' sa scrúdú seachas ar an bpróiseas foghlama féin. De thoradh ar an mbéim seo, athraítear seomraí ranga ina n-ionaid cleachtaidh agus díríonn na daltaí ar an script a fhoghlaim i dtreo an scrúdaithe seachas a bheith ag díriú ar an bhfoghlaim féin.

Táimid ag leagan béime ar an gcruthúnas foghlama sa tsraith shóisearach nua d'fhonn an chothromaíocht a athshlánú agus leas a bhaint as taithí ó chórais oideachais eile a rinne beart chun an dalta a chur i lár an phróisis mheasúnaithe (Absolum et al, 2009). Leagfaidh sé an bhéim ar chruthúnas foghlama a ghiniúint agus a bhailiú mar chuid lárnach de phróiseas na múinteoireachta, agus ar dhaltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh ann, faoi threoir agus le tacaíocht óna múinteoir. Tá an leibhéal rannpháirtíochta gníomhaí seo an-bhailí i gcás na Sraithe Sóisearaí go háirithe de bharr go bhfuil níos lú tábhachta ag baint léi i gcomparáid leis an Ardteistiméireacht.

## An cruthúnas foghlama i gcás na gcáilíochtaí nua

Cuirfear dhá cháilíocht nua ar fáil in ionad an Teastais Shóisearaigh sa tsraith shóisearach nua. Déanfaidh na socruithe measúnaithe le haghaidh na gcáilíochtaí seo gnéithe aithnidiúla a chur le chéile le gnéithe úrnua. Tuigimid go maith cé chomh dúshlánach is a bheidh sé chun an cleachtas atá ann i láthair na huaire a athrú, ach ní chuirfear na hathruithe ar na cáilíochtaí i bhfeidhm rósciobtha agus déanfar iad a chur ar aon dul le béim níos láidre a leagan ar an measúnú agus an fhoghlaim a nascadh ar feadh na Sraithe Sóisearaí. Cuirfear é seo i bhfeidhm de réir amscála ar leith ionas go mbeidh na scoileanna agus na múinteoirí eolach ar an athrú, ullmhaithe ina threo, agus ar a gcompord agus iad ag dul i ngleic leis. Go bunúsach, athrófar cáilíochtaí na Sraithe Sóisearaí ón gcóras atá ar an bhfód faoi láthair ina ndírítear ar na scrúduithe ceann cúrsa mar an bpríomh-mhodh measúnaithe go córas ina dtabharfar obair leanúnach na ndaltaí ina scoileanna san áireamh chomh maith. Cuirfidh sé seo an tsraith shóisearach in Éirinn ar aon dul le dea-chleachtas ar an leibhéal luath-iar-bhunscoile ar fud an domhain. Cuimsíonn an measúnú le haghaidh cáilíochta i dtíortha eile ar nós na hAstráile, Cheanada agus na hAlban, gné scoilbhunaithe ar a ndéantar faireachán go seachtrach. Cinntíonn faireachán den chineál seo go mbíonn na caighdeáin comhsheasmhach thar na scoileanna uile nuair a bhaintear úsáid as an measúnú scoilbhunaithe.

Beidh sé ríthábhachtach tacú leis an bpróiseas measúnaithe a athrú le gur féidir na cáilíochtaí a bheidh ar fáil ag an tsraith shóisearach nua a bhaint amach go rathúil. Déanfaidh na tacaíochtaí do scoileanna agus do mhúinteoirí an córas a ullmhú i dtreo an athraithe, cuideoidh siad le dearbhú cáilíochta agus cuirfidh siad le hacmhainn ghairmiúil. Cuirfidh siad leis an ngaol nua idir an measúnú agus an foghlaim a chur chun cinn thar an tsraith shóisearach ina hiomláine chomh maith.

### Tacaíocht 1: Forbairt ghairmiúil múinteoirí agus tacaíocht do scoileanna agus tuismitheoirí

D'fhonn an tsraith shóisearach nua a thionscnamh go rathúil, teastóidh forbairt ghairmiúil ó mhúinteoirí agus beidh tacaíocht de dhíth ar scoileanna. Beidh an measúnú oideachasúil agus an próiseas chun dul i ngleic leis an gcruthúnas foghlama ina gcuid an-tábhachtach d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí. Glacadh leis le fada an lá gur laige sa chóras í an teagmháil theoranta a bhíonn ag múinteoirí le teoiric agus cleachtais measúnaithe ina n-oiliúint tosaigh agus ina n-oiliúint leanúnach. Tabharfaidh tabhairt isteach na bhforbairtí nua sa tsraith shóisearach an deis chun dul i ngleic léi seo. Ní laige Éireannach í seo amháin. Bhí sé ina údar imní do thaighdeoirí in áiteanna eile go dtugtar neamhaird den réimse seo i gcláir oideachais do mhúinteoirí go hiondúil (Cumming agus Wyatt-Smith, 2009). 

Cabhrófar le scoileanna pleanáil i gcomhair na Sraithe Sóisearaí nua agus le bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí measúnaithe ag baint le cáilíochtaí, agus chuige sin cuirfear tacaíocht ghairmiúil agus acmhainní ar fáil. Chomh maith leo siúd, beidh soláthar eolais do thuismitheoirí agus do dhaltaí maidir leis an *gCreat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí*, na socruithe nua measúnaithe, agus cláir éagsúla na Sraithe Sóisearaí i scoileanna ríthábhachtach chomh maith.

### Tacaíocht 2: Leagfar na sonraíochtaí measúnachta le haghaidh chomhpháirteanna an churaclaim amach go lárnach d'fhonn tacú le dearbhú cáilíochta

Foilseofar na sonraíochtaí le haghaidh ábhar, aonad tosaíochta foghlama (ATFanna) agus gearrchúrsaí de chuid an CNCM agus cuimseoidh siad measúnú leanúnach sa seomra ranga agus measúnú do na cáilíochtaí. I gcás an mheasúnaithe do na cáilíochtaí, tabharfaidh siad breac-chuntas ar na modhanna measúnaithe bainteacha, ar an gcaoi a ndéanfar an cruthúnas foghlama a ghiniúint, agus eolas maidir leis an gcaoi a ndéanfar an cruthúnas a mheas agus a chur isteach mar chuid de cháilíocht bhainteach na Sraithe Sóisearaí.

I dtéarmaí ginearálta, cuirfidh forbairt na sonraíochtaí d'ábhair, do ghearrchúrsaí agus d'Aonaid Tosaíochta Foghlama san áireamh gur gá an measúnú a bheith soláimhsithe ar mhaithe leis an gcóras, an dalta agus leis an múinteoir; gur gá é a bheith éasca le riar; agus gur gá don mheasúnú éirí go bog réidh as foghlaim rialta agus gníomhaíochtaí an tseomra ranga.

### Tacaíocht 3: Beidh na samplaí den mheasúnú tábhachtach do scoileanna agus do mhúinteoirí le hardchaighdeán a dhearbhú

De réir mar a thabharfar an tsraith shóisearach nua isteach agus de réir mar a thabharfaidh scoileanna agus múinteoirí aghaidh ar na socruithe measúnaithe nua le haghaidh cáilíochtaí, cuirfidh an CNCM agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit réimse ábhair shamplaigh ar fáil a mhíneoidh an cur chuige ó thaobh an phróisis mheasúnaithe, lena n-áireofar páipéir shamplacha scrúdaithe agus treoir maidir le réimse na modhanna measúnaithe a bheidh i gceist agus maidir leis an gcaoi a ndéanfar punanna d'obair daltaí a ghiniúint. Ba chóir dóibh siúd, chomh maith le samplaí d'obair daltaí a chuirfidh an CNCM ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí, a bheith ina bpointe tagartha, a thabharfaidh cúnamh do mhúinteoirí agus do scoileanna chun dul i ngleic leis an gcruthúnas foghlama agus d'fhonn an leibhéal gnóthachtála agus na caighdeáin a mbeifear ag súil leo ó na daltaí a shoiléiriú.



### Tacaíocht 4: Faireachán seachtrach ar an measúnú scoilbhunaithe ar mhaithe leis an gcothroime agus d'fhonn caighdeáin a shocrú

Cuirfidh an próiseas faireacháin sheachtraigh, a chuirfear i bhfeidhm ar an measúnú do cháilíochtaí, leis an tacú a chuirfear ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí agus iad ag dul i ngleic leis an measúnú agus leis an gcruthúnas foghlama. Cuideoidh an próiseas seo lena chinntiú go mbeidh socruithe measúnaithe ar aon dul lena chéile thar na scoileanna uile agus go dtabharfaidh siad cothrom na Féinne do na daltaí. Tabharfaidh rannpháirtíocht agus teagmháil leis na próisis seo deiseanna do mhúinteoirí chun forbairt a dhéanamh ar a gcuid saineolais ghairmiúil féin i dtaca le hobair daltaí a mheas, agus chun páirt a ghlacadh i gcomhthuiscint ar chaighdeáin a fhorbairt in éineacht lena gcuid comhghleacaithe. Bainfidh tábhacht ar leith eile leis an bpróiseas faireacháin sa chomhthéacs Éireannach. Chuir múinteoirí in iúl go raibh imní orthu faoin tionchar a d'imreodh obair 'a gcuid daltaí féin a mheas' le haghaidh cáilíocht náisiúnta ar an gcaidreamh a bhíonn ag mic léinn lena múinteoirí. Cinnteoidh an próiseas faireacháin sheachtraigh go bhféadfaidh múinteoirí léirmhíniú gairmiúil a chur ar fáil maidir le gnóthachtáil daltaí a bheidh faoi réir próiseas faireacháin.

### Tacaíocht 5: Acmhainn a chur ar fáil i scoileanna

Sa scoil féin, de bharr go mbraithfidh an próiseas measúnaithe inmheánaigh ar rannpháirtíocht na múinteoirí, beidh am ag teastáil uathu chun dul i ngleic leis na socruithe nua le haghaidh an mheasúnaithe agus na gcáilíochtaí. Beidh acmhainn riaracháin agus theicniúil ag teastáil ó scoileanna chun an t-eolas bainteach measúnaithe a bhailiú agus chun teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Go hachomair, caithfear tacú go hiomlán leis na riachtanais le haghaidh níos mó solúbthachta ó scoileanna agus le haghaidh fócais níos dírithe ar chúrsaí measúnú.

Beidh sé dúshlánach do chách a mbaineann sé leo athrú ó chóras a bhraitheann ar an measúnú seachtrach go dtí córas a chuimseoidh an measúnú seachtrach in éineacht leis an measúnú inmheánach i scoileanna nuair atá na scoileanna sin ag feidhmiú faoi acmhainní atá laghdaithe cheana féin. Tá na brúnna seo ag dul i bhfeidhm go forleathan thar an gcóras oideachais, ach d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le tacaíocht níos fearr d'athruithe ar chleachtas a n-imreoidh tionchar díreach ar an bhfoghlaim. Do mhúinteoirí, b'fhéidir gur amhlaidh an scéal de thoradh ar go dtugann athruithe den chineál seo deis dóibh obair lena gcuid daltaí agus lena n-ábhair ar bhealach eile, agus a n-acmhainn agus a n-inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt. Dá ainneoin sin, beidh fadhbréiteach samhlaíoch ag teastáil ó na daoine a dhéanann acmhainní a leithdháileadh, agus solúbthacht mhéadaithe ag teastáil ó na daoine a dhéanann iad a riar ar leibhéal na scoile d'fhonn na moltaí maidir leis an bpróiseas measúnaithe a sheachadadh.

## An measúnú agus an cruthúnas foghlama i gcás cháilíochtaí nua na Sraithe Sóisearaí – cén leagan amach a bheidh orthu?

Cuimseoidh an tsonraíocht do na comhpháirteanna curaclaim, arna hullmhú ag an CNCM, na sonraí maidir leis an measúnú chun críche cáilíochtaí. Beidh **dhá** chomhpháirt mheasúnaithe ann i ngach **ábhar** – punann a bheidh bunaithe ar obair scoile a bheidh déanta ag an dalta le linn na Sraithe Sóisearaí (ag a mbeidh ualú de 40% de na marcanna) agus scrúdú a dtabharfaidh an dalta faoi sa tríú bliain (ag a mbeidh ualú de 60% de na marcanna). Beidh ar an dalta cruthúnas foghlama a chur i láthair i dtaca leis an dá chomhpháirt. I gcás na **ngearrchúrsaí** agus **na n-aonad tosaíochta foghlama** uile, ní bheidh ach aon chomhpháirt mheasúnaithe ann – **punann** a bheidh bunaithe ar obair scoile.

Leagfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an **scrúdú** síos ar aon dul le sonraíocht an ábhair sin. Beidh an scoil freagrach as na scrúduithe a reáchtáil de réir sceidil a leagfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit amach. Go ginearálta, ní bheidh ach aon pháipéar nó tasc amháin i gceist le gach scrúdú agus beidh siad níos giorra ná na scrúduithe i láthair na huaire ($1\frac{1}{2}$ – 2 uair an chloig ar a mhéad). Cuirfear ábhar samplach scrúdaithe ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí roimh an gcéad scrúdú.

Tá plé ar bun faoi láthair maidir leis an leagan amach scrúdaithe is éifeachtaí le cur ar fáil a dhéanfaidh idirdhealú idir réimsí leathana inniúlachta na ndaltaí agus a dhéanfaidh scrúdú ar comhleibhéal i ngach cás seachas sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa mhatamaitic. Tá gach rogha agus féidearthacht á meas, lena n-áirítear páipéir shrathacha scrúdaithe, páipéir ar leith, scéimeanna éagsúla marcála, ceisteanna a bheadh struchtúraithe ar bhealach éagsúil, agus codanna roghnacha sa scrúdú.

Déanfar an phunann a thiomsú de réir na sonraíochtaí a leagfaidh an CNCM/Coimisiún na Scrúduithe Stáit amach. Leagfaidh na sonraíochtaí amach na modhanna measúnaithe a d'fhéadfaí a úsáid, cineálacha cruthúnais a d'fhéadfaí a chur san áireamh i gcás ábhair, gearrchúrsa nó Aonaid Tosaíochta Foghlama ar leith, agus eolas maidir leis an mbealach a ndéanfar an cruthúnas a mheas agus a chur isteach mar chuid de cháilíocht bhainteach. Beidh samplaí d'ábhar measúnaithe le haghaidh na punainne agus samplaí den chaoi ar chóir í a chur i láthair ar fáil chomh maith. Tá gach cosúlacht ann go mbeidh éagsúlachtaí sna modhanna agus sa chruthúnas foghlama a bheidh le cur leis an bpunann i measc na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí, rud a bheadh intuigthe agus na difríochtaí atá eatarthu ó thaobh cineáil agus inneachair de. Ach thar réimse iomlán na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí, is dócha go mbeidh réimse de thascanna, tionscadail, cás-staidéir, cur i láthair, gníomhaíochtaí praiticiúla agus tástálacha/trialacha de chineálacha éagsúla san áireamh sa chruthúnas punainne.

Mar sin, d'fhéadfaí cnuasach scríbhneoireachta cruthaithí nó iniúchadh ar fhriotal na meán sóisialta a bheith i gceist i gcás an Bhéarla. San eolaíocht, d'fhéadfaí obair phraiticiúil nó iniúchtaí praiticiúla a bheith i gceist. Cé go mbíonn rud fisiciúil, páipéarbhunaithe i gceist le 'punann' go hiondúil, baintear úsáid as an téarma sin anseo chun cur síos a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí leanúnach um chruthúnas foghlama a bhailiú, mar aon le bailiúchán oibre. D'fhéadfadh an bailiúchán sin a bheith i bhformáid dhigiteach, nó ina ghabháil dhigiteach de phróiseas. Cé go mbeidh measúnú ar an bpunann nasctha le gach ábhar agus gearrchúrsa ar leith ar dtús, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an bpunann chéanna a nascadh le níos mó ná aon ábhar amháin de réir mar a éireoidh na múinteoirí agus na daltaí níos cleachtaí leis an bpróiseas le himeacht ama. Ní chuirfear aon obair a dhéanfaidh an dalta sa chéad bhliain leis an bpunann. Úsáidfear an cur chuige seo ar mhaithe le fócas tábhachtach a éascú sa dara bliain agus i measc dhaltaí an dara bliain.

D'fhonn ullmhú i dtreo an fhaireacháin sheachtraigh, déanfaidh scoileanna athbhreithniú ar phróiseas measúnaithe na bpunann. Tabharfaidh treoir maidir leis an bpróiseas a eagrú, a athbhreithniú agus a fhíorú agus samplaí d'obair daltaí tacaíocht dóibh leis seo ionas go mbainfear cur chuige seasmhach caighdeánach amach i dtaca le gach aon ábhar. Sa chás nach bhfuil ach aon mhúinteoir amháin ag plé le hábhar éigin sa scoil, déanfar é seo idir scoileanna. Beidh na torthaí a eisíonn na scoileanna *sealadach* agus faoi réir phróisis fhaireacháin sheachtraigh ar na punainn – faoi stiúir Choimisiún na Scrúduithe Stáit – agus bunaithe ar shampláil a dhéanfar ar líon áirithe scoileanna gach bliain. Beidh sé mar aidhm ag an bpróiseas seo leanúnachas na gcaighdeán thar na scoileanna uile agus cothrom na Féinne do dhaltaí a chinntiú. Cuideoidh sé le hardchaighdeán an mheasúnaithe scoilbhunaithe a dhearbhú. Ar deireadh, déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit gnóthachtálacha daltaí a theistiú.

Déanfar na gearrchúrsaí uile a mheasúnú go hinmheánach agus faoi réir athbhreithniú agus fíorú ar leibhéal na scoile. Seolfaidh an scoil na torthaí ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le cur san áireamh ar an teastas.

Sna comhpháirteanna measúnaithe a bhainfidh le hábhair agus le gearrchúrsaí, tá sé beartaithe go n-úsáidfear córas grádaithe a bheidh níos leithne ná an córas 'A go dtí Gan-grád-ar-bith' atá in úsáid faoi láthair. D'fhéadfadh sé go mbeadh ceithre nó cúig ghrádphointe ann sa chóras nua seo, lena n-áireofar 'Gan a Bheith Bainte Amach', 'Pas', 'Pas le Tuillteanas' agus 'Pas le Gradam'.

## Na socraíochtaí measúnaithe agus na cáilíochtaí a thionscnamh

Tá *Plean Feidhmithe* ar leith á chur le chéile faoi láthair, a dhíríonn ar an mbealach a dtionscnóidh an tsraith shóisearach nua agus a dtacóidh léi ina gnéithe uile. Anseo, tugtar aird ar leith ar ghnéithe a bhaineann leis an athrú ar an gcóras measúnaithe agus cáilíochtaí a thionscnamh agus ar an chaoi a bhféadfaí iad a thionscnamh sna scoileanna agus ar fud an chórais. Caithfear béim a leagan ar an tábhacht a bhainfidh leis na hathruithe seo mar an modh a

*Tábla 4.*
Achoimre ar shocruithe measúnaithe le haghaidh na Sraithe Sóisearaí

| Comhpháirt an Churaclaim | Measúnaithe | Ualú | Faireachán |
|---|---|---|---|
| **Na hÁbhair** | Scrúdú | 60% | go seachtrach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| | Punann | 40% | go hinmheánach ag an scoil, faireachán seachtrach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| **Gearrchúrsaí** | Punann | 100% | go hinmheánach ag an scoil |
| **Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATF)** | Punann | 100% | go hinmheánach ag an scoil faireachán seachtrach |



chuirfear na hathruithe uile eile i bhfeidhm sa tsraith shóisearach. Mar a dúradh ag tús an tsaothair seo, *'ní chuirfear an fíorathrú i bhfeidhm go dtí go n-athrófar an scrúdú'.*

### Meán Fómhair 2012: Ag ullmhú do Shraith Shóisearach nua

Ó 2012 ar aghaidh tosóidh scoileanna ag pleanáil i gcomhar an *Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí* a thabhairt isteach in 2014. Sa CNCM, tá obair ar bun cheana féin chun líonra scoileanna a bhunú a chabhróidh le treoirlínte a ullmhú do scoileanna agus iad ag pleanáil lena gcláir féin a dhearadh don tsraith shóisearach, le linn na tréimhse seo sula dtabharfar an *Creat* isteach. Is mór linn gur thairg roinnt scoileanna páirt a ghlacadh i líonra den chineál seo cheana féin.

Mar thúsphointe don tsraith shóisearach nua, agus i dtreo an dá cháilíocht úra a thionscnamh, d'fhéadfadh an scoil uasteorann a chur le líon na n-ábhar a d'fhéadfadh daltaí a dhéanamh sa Teastas Sóisearach reatha. D'fhéadfadh feidhm a bheith aige seo ar na daltaí a bheidh ag tosú an chéad bhliana den tsraith shóisearach i Meán Fómhair 2012, agus a thabharfaidh faoin Teastas Sóisearach i Meitheamh 2015. Ní bheadh aon bhaint ag an uasteorainn seo le líon na n-ábhar a d'fhéadfadh daltaí *staidéar* a dhéanamh orthu ag an tsraith shóisearach.

Idir an dá linn tá sé beartaithe go leanfar d'fhoghlaim agus gnóthachtáil na ndaltaí a thaifeadadh agus a thuairisciú thar gach gné den churaclam na hábhair eile sin san áireamh nach mbeidh ina n-ábhair scrúdaithe. Forbróidh an CNCM teimpléid le haghaidh cártaí tuairisce i roinnt formáidí éagsúla le húsáid ag na scoileanna sa chomhthéacs seo. Chomh maith leis an teastas a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag deireadh na sraithe sóisearaí maidir leis na gráid a ghnóthóidh an dalta i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh, féadfaidh sé tuarascáil a fháil maidir lena ghnóthachtáil thar réimsí agus ábhair uile na sraithe sóisearaí, an litearthacht agus an uimhearthacht san áireamh don chéad uair riamh.

### Meán Fómhair 2014: Cuirfear tús leis an tSraith Shóisearach nua

Tá sé beartaithe go dtabharfar an tsraith shóisearach nua isteach *i ngach scoil* i Meán Fómhair 2014, agus go mbeidh na cáilíochtaí nua ar fáil nuair a bheidh an tsraith shóisearach sin á cur chun críche in 2017. Cuirfear tús leis an bpróiseas chun na sonraíochtaí athbhreithnithe d'ábhair a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe ó 2014 ar aghaidh. Ag an bpointe sin, tabharfar an Béarla (agus b'fhéidir an ealaín) isteach, agus tabharfar roinnt ábhar eile isteach gach bliain ina dhiaidh sin. Tá tabhairt isteach na n-ábhar ar bhonn céimnithe beartaithe chun tacú le scoileanna, le múinteoirí agus leis an gcóras oideachais i leith cleachtadh a fháil ar úsáid an *Chreata le haghaidh na Sraithe Sóisearaí*, na socruithe measúnaithe nua agus na gcáilíochtaí nua d'fhonn giniúint sonraí monatóireachta a éascú ionas go bhféadfar tionchar na n-athruithe a mheas agus iad á dtabhairt isteach.

**2014-2017: na socruithe measúnaithe nua agus na cáilíochtaí nua á dtabhairt isteach**

Cuirfear tús leis an athrú go dtí na socruithe nua le haghaidh measúnú agus cáilíochtaí sa tsraith shóisearach in 2014 in ábhair, gearrchúrsaí agus ATFanna bainteacha. Ón dáta sin ar aghaidh, cuirfear tús leis an measúnú scoilbhunaithe – ar a ndéanfar faireachán go seachtrach – a thabhairt isteach sa tsraith shóisearach, ina ndéanfar an phunann a mheas ag na scoileanna agus na scrúduithe a mheas go seachtrach. In 2017, críochnóidh an chéad ghrúpa daltaí an tsraith shóisearach nua agus bainfidh siad na cáilíochtaí nua amach.

Mar a chríochnóidh an chéad ghrúpa daltaí an tsraith shóisearach nua, baileofar aiseolas agus sonraí ó na múinteoirí, na scoileanna agus ón gcóras oideachais maidir le dul chun cinn, tionchar, críochnúlacht agus inbhainistitheacht na socruithe measúnaithe nua.

Tabharfaidh na sonraí a thiocfaidh ón athbhreithniú seo eolas ar mhaithe le haon fhorbairt ar an measúnú ar leibhéal na Sraithe Sóisearaí sa todhchaí.

## Conclúid

Cuirfear níos mó béime ar na gníomhaíochtaí laethúla measúnaithe sin a tharlaíonn cheana sa seomra ranga agus a bhfuil múinteoirí eolach orthu cheana. Beidh siad ina gcuid de staid níos leithne measúnachta ina ndíreofar ar ghiniúint, bhailiú, mheas agus thuairisciú an chruthúnais foghlama agus ar dhlúthrannpháirtíocht na ndaltaí, na múinteoirí, na scoileanna agus na gcomhlachtaí bainteacha náisiúnta d'fhonn an fhoghlaim agus an measúnú a thabhairt níos giorra le chéile sa tsraith shóisearach.

*Fíor 3.*
An t-amscála i leith príomhfhorbairtí sa mheasúnú agus sna cáilíochtaí

**2012**

- Teimpléid le haghaidh cártaí tuairisce ar fáil do scoileanna
- Is féidir le scoileanna líon na n-ábhar a laghdú gur féidir le daltaí a dhéanamh don Teastas Sóisearach

**2014**

- An Creat nua le haghaidh na Sraithe Sóisearaí tugtha isteach.
- Tús curtha le tabhairt isteach chéimnithe na n-ábhar
- Comhcheanglóidh an measúnú gnéithe seachtracha agus scoilbhunaithe

**2017**

- An tsraith shóisearach nua críochnaithe ag daltaí
- Cáilíochtaí nua bronnta don chéad uair

**2014–2019**

- Bailiú sonraí agus athbhreithniú ar na socruithe measúnaithe curtha chun críche faoi dheireadh na tréimhse seo.

# 05

# 5. Na cáilíochtaí sa tsraith shóisearach

Beidh níos mó i gceist le cáilíochtaí nua na Sraithe Sóisearaí ná an scrúdú amháin. Beidh siad ann chun freastal ar chlár Sraithe Sóisearaí na scoile agus ar an bhfoghlaim; ní hann dóibh ar mhaithe leis an gclár ná an bhfoghlaim sin a thiomáint. Bainfear é seo amach, i bpáirt, de bharr go mbeidh an cháilíocht níos lú ná an Teastas Sóisearach: chun an cháilíocht a bhaint amach, déanfar measúnú ar dhaltaí i líon níos lú comhpháirteanna curaclaim i gcomparáid leis an gcóras reatha. Cumasóidh sé seo spás a chruthú le haghaidh fíorsholúbthachta sna roghanna curaclaim a fhéadfaidh scoileanna a chur ar fáil laistigh dá gcláir agus cuideoidh sé d'fhonn dul i ngleic le rólódáil churaclaim sa tsraith shóisearach. Mar gheall ar an tsolúbthacht mhéadaithe agus mar gheall ar go mbeidh níos mó roghanna ar fáil, tá gach cosúlacht ann go mbeadh scoileanna in ann spás agus am a chruthú d'fhonn díriú ar an bhfoghlaim sa seomra ranga, agus ar an litearthacht, uimhearthacht, agus ar phríomhscileanna.

Maidir le líon íseal sin na ndaltaí a fhágfaidh an scoil i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí, déanfaidh na cáilíochtaí nua eolas tábhachtach a sholáthar d'fhostóirí féideartha agus cuirfidh siad fianaise ar fáil a bheidh úsáideach má tá rochtain ar oiliúint agus ar bhreisoideachas i gceist. Don chuid is mó, tá na cáilíochtaí ceaptha chun freastal ar an bhfoghlaim, ar an múinteoireacht agus ar chlár na Sraithe Sóisearaí a bheidh á leanúint sa scoil ag daltaí, agus cabhróidh sé leis na nithe sin a léiriú. Ina leith seo, beidh siad bunaithe ar an gcruthúnas foghlama a ghinfear i scrúduithe seachtracha agus scrúduithe de chuid na scoile féin. Beidh próisis agus nósanna imeachta mar bhonn agus mar thaca ag na cáilíochtaí agus leagfar amach iad d'fhonn a chinntiú go mbeidh siad ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta i dtíortha ar nós na hAlban, na Nua-Shéalainne, na hAstráile, agus eile.

Beidh dhá cháilíocht ar fáil, ceann acu ar Leibhéal 2, agus an ceann eile ar Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Beidh siad ina gcáilíochtaí náisiúnta formheasta ag an Roinn Oideachas agus Scileanna. Tugtar *Teastas Náisiúnta Oideachas na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 2)* agus *Teastas Náisiúnta Oideachas na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 3)* orthu go sealadach.



## An chaoi a ndéantar cur síos ar an dá cháilíocht

Leagtar príomhghnéithe an dá cháilíocht amach sna táblaí seo a leanas, a achoimríonn:

- na comhpháirteanna curaclaim, agus líon na gcomhpháirteanna ina gcaithfidh an dalta cruthúnas foghlama a léiriú
- cé a dhéanfaidh cinneadh agus cur síos ar ábhar an churaclaim agus ar na socruithe measúnaithe le haghaidh na gcomhpháirteanna
- cé na róil a bheidh ag an CNCM agus ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit i leith na socruithe molta measúnaithe agus teastasaithe a thacú agus a thionscnamh
- an t-amscála atá beartaithe leis an cháilíocht a thabhairt isteach sna scoileanna

*Tábla 5.*
Forbhreathnú ar Theastas Náisiúnta Oideachais na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 3)

| Príomhcheisteanna | Comhpháirteanna an Churaclaim<br>Ábhair agus Gearrchúrsaí |
|---|---|
| **Cé na comhpháirteanna a bheidh mar chuid den cháilíocht?** | Gach Ábhar Reatha<br><br>Aon ghearrchúrsa de chuid an CNCM<br><br>Aon ghearrchúrsa forbartha ag an scoil |
| **Cá mhéad comhpháirt a bheidh mar chuid den cháilíocht?** | Beidh ar dhaltaí cruthúnas foghlama a léiriú in<br><br>Ocht n-ábhar<br>NÓ<br>Seacht n-ábhar agus dhá ghearrchúrsa<br>NÓ<br>Sé ábhar agus ceithre ghearrchúrsa<br><br>Caithfear cruthúnas foghlama a léiriú i mBéarla, Gaeilge[2] agus i matamaitic. |
| **Cá mhéad ama ar chóir a leithdháileadh don chomhpháirt ar amchlár na scoile?** | Go ginearálta, 200 uair an chloig in aghaidh an ábhair agus 100 uair an chloig in aghaidh an ghearrchúrsa.<br><br>Ba chóir 240 uair an chloig a leithdháileadh ar an mBéarla, ar an nGaeilge agus ar an matamaitic |
| **Cé a shonróidh an curaclam agus na socruithe measúnaithe?** | Cuirfidh an CNCM sonraíochtaí ar fáil maidir le gach ábhar.<br><br>Cuirfidh an scoil, nó an CNCM, nó soláthróirí eile sonraíochtaí ar fáil maidir le gearrchúrsaí.<br><br>Cuirfidh an CNCM treoirlínte agus teimpléid ar fáil chomh maith chun cúnamh a thabhairt do scoileanna gearrchúrsaí a fhorbairt. |
| **Cén ról a bheidh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus an CNCM sa mheasúnú le haghaidh na cáilíochta?** | I gcás na n-ábhar, déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit/ CNCM na socruithe measúnaithe a shonrú agus samplaí d'ábhar measúnuithe a chur ar fáil do scoileanna maidir leis na comhpháirteanna bainteacha.<br><br>Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit comhpháirteanna na scrúduithe ar na hábhair a mharcáil go seachtrach.<br><br>Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit modhnóireacht sheachtrach ar chomhpháirt na punainne sna hábhair |
| **Cén ról a bheidh ag scoileanna sa mheasúnú le haghaidh na cáilíochta?** | Déanfaidh na scoileanna comhpháirt na punainne sna hábhair agus comhpháirt na ngearrchúrsaí a mheas, na torthaí a sheoladh ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit, agus glacfaidh siad páirt sa phróiseas faireacháin |
| **Cén chaoi a ndéanfar na comhpháirteanna a ghrádú?** | Déanfar na hábhair, gearrchúrsaí de chuid an CNCM agus gearrchúrsaí de chuid na scoile a ghrádú ar bhonn ceithre nó cúig ghrádphointe, lena n-áireofar 'Gan a Bheith Bainte Amach', 'Pas', 'Pas le Tuillteanas' agus 'Pas le Gradam' |



[2] Sa chás gur bronnadh díolúine ón nGaeilge ar dhalta, caithfidh sé cruthúnas foghlama a léiriú i mBéarla agus i matamaitic.

**Tabhair faoi deara:** Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit an foras cáiliúcháin le haghaidh na cáilíochta.

Gheobhaidh na daltaí teastas a shonróidh a gcuid torthaí sna comhpháirteanna churaclaim uile ar thug siad fúthu.

Tabharfar sonraíochtaí nua na Sraithe Sóisearaí isteach d'ábhair agus do ghearrchúrsaí sna scoileanna ar bhonn céimnithe. Mar gheall air seo, beidh tréimhse ann ina bhfaighidh na daltaí teastais a chuimseoidh torthaí in ábhair de chuid an Teastais Shóisearaigh mar aon le torthaí in ábhair agus i ngearrchúrsaí de chuid cháilíocht na Sraithe Sóisearaí nua. Tarlóidh sé seo don chéad uair in 2017, do na daltaí a thosaigh an tsraith shóisearach in 2014.

## Achoimre chúlra ar Theastas Náisiúnta Oideachais na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 2)

Tá an Teastas ar Leibhéal 2 ceaptha chun tacú le hiar-bhunscoileanna agus le scoileanna speisialta i leith cláir a fhorbairt d'fhonn freastal ar riachtanais grúpa daltaí atá ag glacadh páirte sa tsraith shóisearach, ach nach bhfuil in ann na torthaí foghlama a bhaineann leis an Teastas Sóisearach de ghnáth a bhaint amach. Tá deacrachtaí foghlama ar na daltaí atá i gceist, ó dheacrachtaí ginearálta foghlama ar leibhéal íseal éadrom go dtí deacrachtaí ginearálta foghlama ar leibhéal ard meánach. Mar gheall air sin, tá líon beag daltaí i gceist leis an spriocghrúpa ar a bhfuil na cáilíochta seo dírithe. Faoi láthair, glacann siad páirt i réimse socruithe: i ranganna ar chumas measctha agus i ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna, agus i gcineálacha éagsúla ranganna agus grúpaí i scoileanna speisialta. Tá an cháilíocht ar Leibhéal 2 ceaptha don spriocghrúpa seo, ionas gur féidir aitheantas iomlán a thabhairt dá ngnóthachtálacha sa tsraith shóisearach. Is cáilíocht í a dtabharfar fúithi ar bhonn eisceachtúil.

Críochnóidh na daltaí a thabharfaidh faoin gcáilíocht seo Cláir Foghlama ar Leibhéal 2. Tá dhá chomhpháirt churaclaim ann atá lárnach de na cláir seo – Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) agus gearrchúrsaí.

Tugadh breac-chuntas ar na cúig aonad tosaíochta foghlama níos luaithe sa Chreat. Féadfaidh scoileanna agus daltaí cruthúnas foghlama in dhá ghearrchúrsa a chur san áireamh mar chuid den cháilíocht. Beidh na gearrchúrsaí cosúil leis na gearrchúrsaí ar Leibhéal 3: beidh siad forbartha ag na scoileanna agus an CNCM, nó forbartha ag foinsí lasmuigh den scoil. Cosúil le ATFanna, cuirfear inneachar na ngearrchúrsaí ar aon dul le táscairí foghlama ar Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Ní chiallóidh sé seo go gcaithfidh na daltaí a bheidh ag tabhairt faoin gclár i dtreo an Teastais ar Leibhéal 2 díriú ar an bhfoghlaim a bhainfidh le Leibhéal 2 amháin ach oiread. Beidh cuid mhaith acu i seomraí ranga ina mbeidh foghlaim i dtreo na cáilíochta ar Leibhéal 3 ag tarlú. Nuair is iomchuí, d'fhéadfadh an dalta bainteach tabhairt faoi ábhar nó ghearrchúrsa ar Leibhéal 3 agus teastas a fháil ar an leibhéal sin chomh maith.

*Tábla 6.*
Forbhreathnú ar Theastas Náisiúnta Oideachas na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 2)

| Príomhcheisteanna | Comhpháirteanna an Churaclaim<br>Aonaid Tosaíochta Foghlama agus Gearrchúrsaí |
|---|---|
| **Cé na comhpháirteanna a bheidh ina gcuid den cháilíocht?** | Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna)<br>■ Cumarsáid a dhéanamh agus an Litearthacht<br>■ An Uimhearthacht<br>■ Cúram pearsanta<br>■ Maireachtáil sa phobal<br>■ Ullmhú i dtreo Shaol na hOibre<br>Aon ghearrchúrsa forbartha ag an CNCM nó ag an scoil |
| **Cá mhéad comhpháirt a bheidh ina gcuid den cháilíocht?** | Beidh ar dhaltaí cruthúnas foghlama a léiriú in<br>Gach gné de na Cúig aonad tosaíochta foghlama uile<br>AGUS IN<br>Dhá ghearrchúrsa |
| **Cé mhéad ama ar chóir a leithdháileadh don chomhpháirt ar amchlár na scoile?** | Go ginearálta, 250 uair an chloig in aghaidh an Aonaid Tosaíochta Foghlama agus 100 uair an chloig in aghaidh an ghearrchúrsa |
| **Cé a shonróidh an curaclam agus na socruithe measúnaithe?** | Cuirfidh an CNCM sonraíochtaí ar fáil i dtaca leis na hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna), chomh maith le treoirlínte i bhfoirm *'foireann uirlisí'* le húsáid i scoileanna.<br>Cuirfidh an scoil, nó an CNCM, nó soláthróirí eile sonraíochtaí ar fáil maidir le gearrchúrsaí.<br>Cuirfidh an CNCM treoirlínte agus teimpléid ar fáil chomh maith chun cúnamh a thabhairt do scoileanna gearrchúrsaí a fhorbairt. |
| **Cén ról a bheidh ag an CNCM sa mheasúnú le haghaidh na cáilíochta?** | Trí bhíthin fhoireann uirlisí, cuirfidh an CNCM samplaí d'ábhar measúnaithe ar fáil do na scoileanna i dtaca leis na hAonaid Tosaíochta Foghlama.<br>Trí ghearrchúrsaí samplacha, cuirfidh an CNCM samplaí d'ábhar measúnaithe ar fáil do na scoileanna i dtaca leis na gearrchúrsaí chomh maith. |
| **Cén ról a bheidh ag scoileanna sa mheasúnú le haghaidh na cáilíochta?** | Cuirfidh na scoileanna na measúnachtaí ar siúl agus seolfaidh siad na torthaí maidir le gach comhpháirt churaclaim ar aghaidh chuig an bhforas a bheidh freagrach as an teastas a bhronnadh.<br>Glacfaidh siad páirt sa phróiseas faireacháin a chuirfear i bhfeidhm chomh maith. |
| **Cén chaoi a ndéanfar na comhpháirteanna a ghrádú?** | Déanfar na hAonaid Tosaíochta Foghlama a ghrádú mar 'Bainte Amach' nó 'Atreoraithe'[3].<br>Dearbhóidh na scoileanna nó soláthróirí eile an ghearrchúrsa grádú na ngearrchúrsaí. |



[3] Cuireann an grád '*Bainte Amach*' in iúl gur éirigh leis an dalta. Cuireann an grád '*Atreoraithe*' in iúl go gcaithfidh an dalta díriú ar na torthaí nár éirigh leis an dalta iontu agus an cruthúnas foghlama a bhain leis na torthaí seo a chur faoi bhráid arís.

**Tabhair faoi deara:**Níl an foras cáiliúcháin le haghaidh na cáilíochta socraithe go fóill. Déanfar an cinneadh i ndáil comhairle le húdarás nua darb ainm Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, a chuirfear ar bun de thoradh ar chónascadh molta na ngníomhaireachtaí seo a leanas – Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna, Bord Cáilíochta na nOllscoileanna Éireannacha.

Gheobhaidh na daltaí teastas a shonróidh a gcuid torthaí sna comhpháirteanna churaclaim uile ar thug siad fúthu.

Bronnfar an cháilíocht seo in 2017 don chéad uair ar dhaltaí an spriocghrúpa a thosóidh amach sa tsraith shóisearach in 2014.

# 06

# Tagairtí

Absolum, M., Flockton, L., Hattie, J., Hipkins, R., Reid, I. 2009. *Directions for assessment in New Zealand. Developing students' assessment capabilities.* http://assessment.tki.org.nz/content/download/176/958/version/1/file/Directions+for+Assessment+in+New+Zealand.PDF

American Education Research Association. 2011. Lead the Change Series; Q and A with Pasi Sahlberg , Eagrán 5, Meán Fómhair 2011.

Australian Capital Territories Department of Education and Training. 2007. *Every chance to learn: Curriculum Framework for ACT Schools.* http://activated.act.edu.au/ectl/resources/ECTL_EarlyAdolescence.pdf

Cumming, J.J., Wyatt-Smith, C. 2009. Framing assessment today for the future: Issues and challenges. In *Educational Assessment in the 21st century,* arna chur in eagar ag J.J Cumming agus C Wyatt-Smith. Londain: Springer.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. 1999. *The Junior Certificate: Issues for Discussion.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Scileanna. 2011. *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga. http://www.education.ie/admin/servlet/blobservlet/lit_num_strat_ir.pdf?language=GA&igstat=true*

Oideachas na hAlban. *The Curriculum for Excellence* http://www.ltscotland.org.uk/understandingthecurriculum/whatiscurriculumforexcellence/index.asp

Finnish National Board of Education (FNBE). 2004. *National Core Curriculum for Basic Education.* http://www.oph.fi/english/publications/2009/national_core_curricula_for_basic_education

Hargreaves, A., agus Shirley, D. (2009). *The fourth way: The Inspiring Future for Educational Change*: Thousand Oaks: Corwin Press.

Mourshed, M., Chijioke, C., Barber, M. 2010 *How the World's Most Improved School Systems Keep Getting Better*: McKinsey agus Cuideachta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. 1999. *Progress Report: Issues and Options for Development.* Baile Átha Cliath: CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. 2009. *Ag Treorú agus ag Tacú le hAthruithe sna Scoileanna: Plépháipéar.* http://www.ncca.ie/ga/Foilseachán/Doiciméid_Chomhairliúcháin/Treoru_agus_tacu_le_hathruithe_i_scoileanna.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. 2010. *Nuáil agus sainiúlacht: Smaointe faoi Shraith Shóisearach nua.*

http://www.ncca.ie/ga/Foilseachán/Doiciméid_Chomhairliúcháin/Achoimre_Nuáil_agus_Sainiúlacht;_smaointe_faoi_shraith_shóisearach_nua.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. 2010. *Key Skills Initiative: Phase three. Stories from the Learning Site.* http://www.ncca.ie/en/Publications/Reports/Key_Skills_Initiative_Phase_three_Stories_from_the_Learning_Site.pdf.

New Zealand Ministry of Education. 2011. *Key competencies.* http://nzcurriculum.tki.org.nz/Curriculum-documents/The-New-Zealand-Curriculum/Key-competencies.

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), Tionscadal DeSeCo, 2005, *The Definition and Selection of Key Competencies: Achoimre Fheidhmeach*, le fáil ag http://www.oecd.org/dataoecd/47/61/35070367.pdf, íoslódáilte 15 Lúnasa 2011.

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD)/an tIonad um Thaighde agus Fhorbairt Oideachasúil. 2008. *Trends Shaping Education.* Páras: Foilsitheoireacht na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD)/an tIonad um Thaighde agus Fhorbairt Oideachasúil. 2009. *Innovating to Learn, Learning to Innovate.* Páras: Foilsitheoireacht na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.



Perkins, R., Moran, G., Cosgrove, J., Shiel, G. PISA 2009 The Performance and Progress of 15-year-olds in Ireland. 2010. Baile Átha Cliath: Foras Taighde ar Oideachas.

Smyth, E., McCoy, S., agus Darmody, M. 2004. *Ag Gluaiseacht Suas: Eispéiris Dhaltaí Na Chéad Bhliana san Iar-Bhunoideachas* Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhpháirt le Liffey Press.

Smyth, E., Dunne, A., Darmody, M. agus McCoy, S. 2006 *Pathways through the Junior Cycle*. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhpháirt le Liffey Press.

Smyth, E., Dunne, A., Darmody, M. agus McCoy, S. 2007. *Gearing Up for the Exam: The Experience of Junior Certificate Students.* Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhpháirt le Liffey Press.

Stiggins, R.J., Conklin, N.F. 1992. *In teachers' hands: Investigating the practices of classroom assessment.* Albany: State University of New York Press.



Samhain 2011


NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

24 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2.
Teil. +353 1 661 7177 Facs +353 1 661 7180
Ríomhphost: info@ncca.ie
**www.ncca.ie**